






# Plean cúig bliana don Ghaeilge i gContae Chill Dara 2019-2023

## Leagan 1.4 – Márta, 2023






Foras na Gaeilge

CILL DARA le GAEILGE

Sult na Sollán

Kildare County Council
Comhairle Contae Chill Dara

# An bealach chun cinn

**straitéis cúig bliana don Ghaeilge i gContae Chill Dara**
**ó phobal Chontae Chill Dara.**

# The way forward

**a five-year strategy for the Irish language in County Kildare**
**by the people of County Kildare.**

*"Má labhraíonn tú le fear i dteanga a thuigeann sé, téann sé sa cheann air. Má labhraíonn tú leis ina theanga féin, téann sé sa chroí air"*

- Nelson Mandela



*"If you talk to a man in a language he understands, that goes to his head. If you talk to him in his language, that goes to his heart."*

- Nelson Mandela

# CLÁR


1 **Réamhrá** **6**

2 **Cur chuige i leith phleanáil teanga** **11**

3 **Comhthéacs agus cúlra** **13**

4 **Fís do Chontae Chill Dara taobh istigh d'achar ama an phlean seo** **18**

5 **Príomhaidhmeanna do Chontae Chill Dara** **19**

6 **Critéir Ratha do Chontae Chill Dara** **20**

7 **Fís do Cheantar Bardasach Nás na Ríogh** **22**

8 **Comhthéacs do Cheantar Bardasach Nás na Ríogh** **23**

8.1 Daonáireamh 2016 23

8.2 Deiseanna ó thaobh na Ghaeilge de i gCeantar Bardasach Nás na Ríogh sa lá atá inniu ann 23

9 **Príomhaidhmeanna do Cheantar Bardasach Nás na Ríogh le linn na gcúig bliana amach romhainn** **25**

10 **Croíphrionsabail do Cheantar Bardasach Nás na Ríogh** **26**

11 **Réimsí Gníomhaíochta do Cheantar Bardasach Nás na Ríogh:** **27**

11.1 An Ghaeilge sa teaghlach 27

11.2 An Ghaeilge sa phobal 27

11.3 An Ghaeilge i gcúrsaí gnó 27

11.4 Oideachas trí mheán na Gaeilge 27

11.5 An Ghaeilge i scoileanna Béarla 27

11.6 Daoine fásta ag foghlaim na Gaeilge 27

11.7 Grúpaí pobail ar a n-áirítear grúpaí óige 28

11.8 Seirbhísí poiblí 28

11.9 Líonrú le pobail Ghaeilge eile 28

11.10 Poiblíocht agus feasacht 28

11.11 Plean teanga mar dhoiciméad 'beo' 28

12 **Sain-spriocanna agus tréimhsí ama do réimsí gníomhaíochta do Cheantar Bardaasach Nás na Ríogh:** **29**

12.1 An Ghaeilge sa teaghlach 29

12.2 An Ghaeilge sa phobal 30

12.3 An Ghaeilge i gcúrsaí gnó 31

12.4 Oideachas trí mheán na Gaeilge 33

12.5 An Ghaeilge i scoileanna Béarla 34

12.6 Daoine fásta ag foghlaim na Gaeilge 35

12.7 Grúpaí pobail ar a n-áirítear grúpaí óige 36

12.8 Seirbhísí poiblí 40
12.9 Líonrú le pobail Ghaeilge eile 41
12.10 Poiblíocht agus feasacht 42
12.11 Plean teanga mar dhoiciméad 'beo' 43
**13 Cur i bhfeidhm phlean teanga do Cheantar Bardasach Nás na Ríogh 44**
13.1 Foireann pleanála 44
13.2 Plean feidhmiúcháin 44
13.3 Critéir Ratha do Cheantar Bardasach Nás na Ríogh 44

**Plean do Cheantar Bardasach Mhaigh Nuad (curtha sa phlean i 2021) 48+**

**14 Acmhainní i gContae Chill Dara 50**
14.1 Pearsanra 50
14.2 Foirgneamh 50
14.3 Airgeadas 50
**15 Críoch 51**
**16 Nótaí Buíochais 52**

**Aguisíní**

Aguisín 1: Forais oideachasúla a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge i gContae Chill Dara 54
Aguisín 2: Áiteanna taobh amuigh den Ghaeltacht a bhfuil fostaithe lánaimseartha acu chun an Ghaeilge a chur chun cinn 55
Aguisín 3: Ceantair a bhfuil Cultúrlann acu a bhfuil a béim ar chur chun cinn na Gaeilge 56
Aguisín 4: Deis forbartha ar leith sna Solláin 57
Aguisín 5: Stair ghonta na Gaeilge i gContae Chill Dara 58
Aguisín 6: Staitisticí ón Daonáireamh Náisiúnta 2016 62
Aguisín 6A - Daonáireamh 2016: Stádas na Gaeilge i ngach contae 62
Aguisín 6B - Daonáireamh 2016: An Stát, cúige agus Cill Dara 63
Aguisín 6C - Daonáireamh 2016: Ceantair bhardasacha 64
Aguisín 6D - Daonáireamh 2016: Lonnaíochtaí sna bailte 65
Aguisín 7: An teimpléad a úsáideadh ag saotharlanna pleanála teanga 67
Aguisín 8: Ceantair bhardasacha i gContae Chill Dara 68
Aguisín 9: Samplaí de chomharthaíocht cheart agus mhícheart faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 71
Aguisín 10: Liosta leabharlanna i gContae Chill Dara 72
Aguisín 11: Grúpaí deonacha áitiúla a chuireann an Ghaeilge chun cinn 73
Aguisín 12: Páirtithe – grúpaí a chomhoibrigh lena chéile le linn an phróiseas pleanála 74
Aguisín 13: Suíomhanna gréasáin úsáideacha Gaeilge 75

# ROINN 1

# 1. Réamhrá

Fáilte chuig an chéad phlean Gaeilge riamh do Chontae Chill Dara. Tá an plean cúig bliana seo curtha le chéile ag grúpa pobail, atá lonnaithe sna Solláin ar a dtugtar Sult na Sollán, i gcomhar le grúpaí, eagraíochtaí agus daoine aonair taobh istigh de Chontae Chill Dara. Tá forbairt scéimeanna teanga do cheantair cheapáirithe mar dhlúthchuid den straitéis 2010-2030 a d'fhoilsigh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2015/07/Straiteis-20-Bliain-Leagan-Gaeilge.pdf

Go traidisiúnta bhíodh pleanáil teanga dírithe ar cheantair Gaeltachta/bhailte gar dóibh agus is le fíordhéanaí a d'fhoilsigh ceantair taobh amuigh den Ghaeltacht plean nó gur chuir siad tús le próiseas pleanála teanga chun plean struchtúrtha a réiteach agus tacú leis an nGaeilge i gceantar faoi leith.

## CÉ HIAD SULT NA SOLLÁN AGUS CÉN FÁTH GO BHFUIL PLEAN GAEILGE Á FHOILSIÚ ACU DO CHONTAE CHILL DARA?

Bunaíodh Sult na Sollán sna Solláin i dTuaisceart Chill Dara i 2009 chun an Ghaeilge chomh maith leis an gceol traidisiúnta agus an cultúr a chur chun cinn. Comhordaíonn an grúpa imeachtaí rialta dála seisiúin cheoil traidisiúnta, seisiúin amhránaíochta, grúpaí comhrá seachtainiúla, imeachtaí Pop up Gaeltacht, imeachtaí do thuismitheoirí/ naíonáin, imeachtaí clainne, turais agus tuilleadh. Thairis sin, eagraíonn an grúpa dhá fhéile gach bliain - Seachtain na Gaeilge (Nás na Ríogh/Na Solláin, mí an Mhárta) agus Féile na Sollán (Na Solláin mí Dheireadh Fómhair). Bíonn coiste ar leith ann do gach féile.

Siúd is go bhfuil clár an-ghníomhach á reáchtáil ag Sult na Sollán don Ghaeilge agus d'imeachtaí cultúrtha i gceantar Nás na Ríogh/Na Sollán ní raibh plean meántéarmach / fadtéarmach acu d'fhorbairt na teanga sa dúiche go dtí anois. Bhí gaol á chothú ag an ngrúpa le forais stáit dála Foras na Gaeilge, Comhairle Contae Chill Dara, an Garda Síochána agus an Príomhoifig Staidrimh. Tá an grúpa ag obair chomh maith le scoileanna/clubanna áitiúla agus le cumainn deonacha dála CLG, Comhaltas Ceoltóirí Éireann, Comórtas na mBailte Slachtmhara agus Gasóga na hÉireann i gceantar Nás na Ríogh/Na Sollán chomh maith le heagraíochtaí náisiúnta Gaeilge dála Conradh na Gaeilge agus Glór na nGael.

Thosaigh Sult na Sollán ag obair ar phlean teanga do mhórcheantar Nás na Ríogh/na Sollán go luath i 2017 agus níorbh fhada gur leathnaigh siad é do Cheantar Bardasach Nás na Ríogh ina iomláine. Cur chuige cuimsitheach a ghlac siad orthu féin le hiliomad cruinnithe poiblí agus seisiún ag grúpaí fócais le go bhfaighidís ionchur ó oiread grúpaí agus daoine aonair éagsula agus a d'fhéadfaí. D'fhéach an fhoireann pleanála leis an obair iontach atá á dhéanamh ag iliomad daoine a thabhairt le chéile i gcáipéis amháin. Bíodh is go raibh sé i gceist ag Sult na Sollán ag an tús plean do Cheantar Bardasach Nás na Ríogh a dhréachtadh níorbh fhada gur léiríodh dóibh go mbeadh cur chuige ar bhonn an chontae ina iomláine níos fiúntaí agus níos cuimsithí. Le linn an phróiseas dhá bliain d'éirigh sé soiléir go mbeadh sé dodhéanta ag coiste deonach plean mionsonraithe don chontae uile a scríobh agus sa deireadh cinneadh ar chur chuige modúlach don chontae uile a chur sa doiciméad seo.

## CÉN FÁTH GO BHFUIL GÁ LE PLEAN TEANGA DO CHONTAE CHILL DARA?

Leagtar amach sa phlean teanga seo creatlach chun an Ghaeilge a fhorbairt i gContae Chill Dara. Tugtar aghaidh inti ar riachtanais na ndaoine úd a labhraíonn an Ghaeilge, iadsan ar mian leo í a fhoghlaim

agus ar mhianta iadsan a thacaíonn léi. Is dúshlán í ar fud na hÉireann a chinntiú go mbíonn deiseanna acusan a labhraíonn an Ghaeilge teacht ar sheirbhísí trí Ghaeilge is ar dheiseanna úsáidte agus ní taise é do Chontae Chill Dara.

Tá infheistíocht agus tacaíocht lóistíochúil nach beag tugtha do phleanáil teanga ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, ag Údarás na Gaeltachta agus ag Foras na Gaeilge le blianta beaga anuas. Siúd is go mbaineann téarmaí tagartha Údarás na Gaeltachta leis an nGaeltacht amháin, titeann an fhreagracht as an gcuid eile den tír ar Fhoras na Gaeilge, go háirithe i leith pleanáil teanga. Is ar bhonn togra a bhí maoiniú Fhoras na Gaeilge i gContae Chill Dara go dtí seo. Is éard atá sa phlean seo ná an chéad iarracht ar straitéis phleanála teanga sa chontae agus beidh sé á mhaoiniú ag Foras na Gaeilge, Comhairle Contae Chill Dara, Sult na Sollán le tacaíocht breise ó Ghlór na nGael. Tá an fhoireann pleanála buíoch as an tacaíocht seo.

Ní mór a aithint go bhfuil Scéim Teanga 2018-2021 foilsithe ag Comhairle Contae Chill Dara ina leagtar amach na seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge agus conas mar is féidir iad a fhorbairt. Is féidir í a íoslódáil anseo: http://kildare.ie/County Council/ScéimnaGaeilge/

## AN GHAEILGE I GCONTAE CHILL DARA

Léiríonn Daonáireamh 2016 go bhfuil 85,426 duine os cionn trí bliana d'aois i gContae Chill Dara ar féidir leis an Ghaeilge a labhairt; is ionann seo agus 40.2% den daonra os cionn trí bliana d'aois. Léiríonn codanna eile den doiciméad seo torthaí Dhaonáireamh 2016 agus treochtaí forbartha thar an gcontae.

Tá ocht naíonra, seacht nGaelscoil, Gaelcholáiste amháin agus Ollscoil i gContae Chill Dara. Tá sé riachtanach, más ea, go gcinnteofaí go mbeadh fáil ar sheirbhísí agus ar dheiseanna níos éasca ag na glúnta atá le teacht ar ghnáth-ghníomhaíochtaí laethúla trí Ghaeilge. I gContae Chill Dara, léiríonn Ollscoil Mhá Nuad fíor-thiomantas don Ghaeilge agus dá cur chun cinn. Tá an Roinn Ollscoile Nua-Ghaeilge is mó sa tír in Ollscoil Mhá Nuad chomh maith le Lárionad na Gaeilge a eagraíonn scrúduithe TEG (Teastas Eorpach na Gaeilge), Oifigeach Gaeilge lánaimseartha, Cuallacht Cholmcille (an cumann mac léinn don Ghaeilge is ársa sa tír), lárionad atá tiomnaithe don chultúr Gaelach agus a mhúineann an Ghaeilge mar ábhar i gcuid de na ranganna oideachais. (Aguisín 1)

Tá roinnt grúpaí áitiúla ag saothrú go dian le blianta beaga anuas ag cur na teanga chun cinn sa chontae agus tá rath nach beag orthu i roinnt réimsí e.g. ciorcail comhrá a bhfuil freastal maith orthu, imeachtaí sóisialta, ranganna comhrá Gaeilge, scéim gnó a chuireann gnó trí Ghaeilge chun cinn, cúrsaí samhraidh Gaeilge, ógchlubanna Gaeilge, féile bhliantúil dhátheangach sna Solláin, cláir leathana do Sheachtain na Gaeilge agus go leor imeachtaí do chainteoirí líofa is d'fhoghlaimeoirí araon. Tá tacaíocht á fháil ag go leor den obair seo i measc an phobail ó ghrúpaí náisiúnta dála Conradh na Gaeilge agus Glór na nGael. Eagraíonn leabharlanna Chill Dara imeachtaí Gaeilge agus dátheangacha ócáidiúla i gcuid dá mbrainsí.

Tá sé rí-thábhachtach go n-aithneofaí go mbíonn go leor daoine ar fud na tíre ag saothrú leo chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Grá don teanga a spreagann an chuid is mó díobh chun deiseanna a chruthú ina labhraítear an Ghaeilge, chun í a chur chun cinn mar bheotheanga agus chun í a thabhairt ar aghaidh chuig an chéad ghlúin eile.

Tá sé mar aidhm ag an bplean seo cabhrú leosan uile atá bainteach leis an nGaeilge

i gContae Chill Dara chun dul i gcomhar is chun oibriú le chéile agus chun deiseanna nua a sholáthar do chainteoirí rialta is don lucht foghlamtha is tacaíochta.

## DÚSHLÁIN

Mar atá ráite cheana, níorbh ann d'aon phlean chun an Ghaeilge a fhorbairt i gContae Chill Dara nó, go deimhin, d'aon phobal taobh istigh den chontae. Seo an chéad iarracht chun tabhairt faoina leithéid. Le fírinne, chomh fada agus is eol dúinne, seo an chéad phlean don Ghaeilge a dréachtadh d'aon chontae in Éirinn. Plean uaillmhianach atá ann ach díríonn a chur chuige modúlach ar phleanáil taobh istigh de cheantair bhardasacha ar leith, ag tosú le mórcheantar Nás na Ríogh sa chéad leagan seo den phlean.

Níl duine ar bith fostaithe faoi láthair chun freagracht a ghlacadh as forbairt na Gaeilge in aon chuid de Chontae Chill Dara mar atá i gceantair eile faoin tír (Aguisín 2). Bheadh sé ina dhushlán do ghrúpaí deonacha sa chontae plean a chur i bhfeidhm gan tacaíocht ó oifigeach forbartha teanga lánaimseartha. Táthar ag súil go bhfostófar ar a laghad beirt oifigeach forbartha Gaeilge i gContae Chill Dara le linn tréimhse cúig bliana an phlean.

Anuas ar phearsanra, tá ceantair eile ann in Éirinn ina bhfuil ionaid chultúir Gaelacha ann a chuireann an Ghaeilge agus gnéithe eile den chultúr traidisiúnta Gaelach chun cinn. (Aguisín 3) Ní ann d'aon ionad cultúir i gContae Chill Dara atá dírithe ar an nGaeilge.

Beidh maoiniú ina dhushlán chun aidhmeanna an phlean a bhaint amach. Is iomaí imeacht/gníomhaíocht Gaeilge atá féin-mhaoinithe sa lá atá inniu ann. Is féidir foinsí ó fhorais dála Foras na Gaeilge, Comhairle Contae Chill Dara agus ó fhoinsí eile mar dhuais-airgid Ghlór na nGael agus maoiniú ó Éire Ildánach/An Chomhairle Ealaíon a fhiosrú mar is cuí. Tá ról tacaíochta fosta le himirt ag leabharlanna áitiúla, scoileanna agus gnólachtaí áitiúla trí imeachtaí a eagrú nó trí urraíocht a dhéanamh orthu.

## STRUCHTÚR AN PHLEAN TEANGA

Tá daonra de 222,130 i gContae Chill Dara (Daonáireamh 2016) agus mórchríoch de 1,695 km$^2$. Chomh maith le fís a bheith againn don chontae uile, mheas an grúpa pleanála go mbeadh sé níos praiticiúla agus níos soláimhsithe an plean teanga seo a roinnt de réir na gcúig cheantar bardasach i gContae Chill Dara: Nás na Ríogh, Áth Í, Cill Droichid/Léim an Bhradáin, Cill Dara/An Droichead Nua, agus Maigh Nuad.

Dhíríomar ar Cheantar Bardasach Nás na Ríogh sa chéad leagan seo den phlean agus táimid i ndóchas go soláthróidh sé teimpléad don cheithre cheantar bardasach eile chun aidhmeanna agus spriocanna a fhorbairt a bheidh bríoch agus praiticiúil dóibh.

## SPRIOCANNA ARDLEIBHÉIL SA PHLEAN TEANGA CÚIG BLIANA SEO

- **Pleanáil struchtúrtha** – cur chuige aontaithe, struchtúrtha a chur ar fáil do gach páirtí i gContae Chill Dara ar spéis leo tacú leis an nGaeilge agus í a fhorbairt, le fís soiléir, spriocanna agus plean gníomhaíochta thar tréimhse cúig bliana.
- **Caidreamh gníomhach le forais stáit/ eagraíochtaí deonacha** – caidreamh leanúnach a bhunú le forais stáit agus le heagraíochtaí deonacha a fheidhmíonn i gContae Chill Dara agus í mar aidhm na seirbhísí do chainteoirí/foghlaimeoirí Gaeilge a fheabhsú agus le infheictheacht is stádas na Gaeilge a mhéadú.
- **Rannpháirtíocht an phobail** – tabhairt ar oiread daoine/grúpaí agus is féidir éirí

bainteach leis an nGaeilge i gContae Chill Dara.

- **Líonrú agus comhoibriú i measc dreamanna atá ag saothrú na Gaeilge.** Tá go leor daoine ann ar fud an chontae a bhíonn ag saothrú go haonaránach nó mar chuid de ghrúpa ar son na Gaeilge. Tá sé mar aidhm ag an bplean seo cuidiú leis na daoine/grúpaí seo líonraí a bhunú lena chéile agus deiseanna a sholáthar chun comhoibriú, eolas a mhalartú agus tacú lena chéile.
- **An Ghaeilge a normalú.** Deiseanna a chruthú ina bhféadfadh an Ghaeilge a bheith mar chuid de ghnáth-imeachtaí pobail (e.g. club leabhar, grúpa Pilates, ranganna cócaireachta). D'fhéadfadh na himeachtaí seo bheith go hiomlán i nGaeilge nó abheith dátheangach nó fiú amháin roinnt Gaeilge a bheith mar ghné acu i bhfoirm comharthaíochta/beannachtaí etc.
- **Beirt Oifigeach Forbartha Gaeilge ar a laghad a fhostú sa chontae** - Táthar ag súil go bhfostófar ar a laghad beirt oifigeach forbartha Gaeilge i gContae Chill Dara le linn tréimhse cúig bliana an phlean.
- **Go n-aithneofaí Na Solláin/Nás na Ríogh mar líonra oifigiúil Gaeilge i 2019** - Gné suntasach í an Ghaeilge sa dúiche seo mar go bhfuil Gaelscoil Nás na Ríogh, Gael-Choláiste Chill Dara, óg-chlubanna, campaí samhraidh, scéim tacaíochta gnó *Cill Dara le Gaeilge* agus iliomad grúpaí pobail dála Sult na Sollán, Glór na Riogh etc. sa dúiche. Tá an cur chuige seo ag teacht le straitéis fiche bliain an Rialtais don Ghaeilge.
- Creideann Sult na Sollán go mbeadh na Solláin fíor-oiriúnach mar ionad do chultúrlann mar chuid den fhorbairt ar na tailte pobail a fuair Comhairle Contae Chill Dara seilbh orthu le déanaí. Tá comhairliúchán poiblí pleanáilte le bheith ann go luath in 2019 faoin dearadh a bheidh ann do na tailte pobail nua sna Solláin.
  Thairis sin, tá forbairt á dhéanamh sna Solláin i roinnt réimsí eile. Féach Aguisín 4 chun teacht ar fhaisnéis bhreise faoin bhforbairt seo.

Tugann an doiciméad poiblí Project Ireland, *Investing in our Culture, Language and Heritage 2018-2027* léargas ar straitéis an stáit chun an Ghaeilge agus ionaid chultúrtha i mbailte seirbhíse don Ghaeltacht agus i líonraí Gaeilge a fhorbairt. Tá breis eolais le fáil ar: https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2018/04/capital_plan_april3-8.pdf

Ba chóir a thabhairt faoi deara go ndéantar pleanáil i gcomhthéacs pleanála áitiúla, sóisialta agus eacnamaíocha. Is é dearcadh an ghrúpa pleanála ná go bhfuil dualgas ar Chomhairle Contae Chill Dara an Ghaeilge a chur san áireamh i gcomhthéacs aon phlean áitiúil.

Tá sé mar fhís fhadtéarmach ag an bplean seo creatlach a sholáthar do dhaoine ar mian leo a saol a chaitheamh trí Ghaeilge i gceantair i gContae Chill Dara – an Ghaeilge sa teaghlach, oideachas trí mheán na Gaeilge, deiseanna Gaeilge do dhaoine óga taobh amuigh den chóras oideachais, bheith in ann teacht ar raon leathan gnólachtaí a sholáthraíonn seirbhísí i nGaeilge agus go mbeidh fáil sa chontae ar raon níos leithne d'imeachtaí sóisialta, cultúrtha agus spóirt trí mheán na Gaeilge nó go dátheangach.

## RANNPHÁIRTÍOCHT POBAIL

Seolfar an Plean Teanga ar 28 Feabhra, 2019 ag imeacht speisialta in Áras Chill Dara, Nás na Ríogh.

Fáilteofar roimh bhaill den phobal ar mhaith leo a spéis sa phlean teanga seo a chlárú nó ar mhaith leo aiseolas ina thaobh a thabhairt. Is féidir é seo a dhéanamh i nGaeilge nó i mBéarla. Cláraigh do spéis nó tabhair aiseolas ag gaeilge@sultnasollan.ie Tá an Ghaeilge ag brath níos mó ná riamh ar dhaoine a úsáidfidh í is a chuirfidh chun

cinn í. Is maith a thuigeann an fhoireann pleanála teanga nach bhfuil eolas acu ar gach rud a bhfuil ar bun ag daoine aonair agus ag grúpaí sa chontae nó fiú i gceantar bardasach Nás na Ríogh. Mura bhfeiceann sibh bhur dtionscadal nó bhur ngrúpa luaite sa phlean seo glac an deis, le bhur dtoil, chun dul i dteagmhail le Sult na Sollán i dtreo is go mbeidh sibh luaite sa chéad leagan eile den phlean. Seo an chéad iarracht ag an bhfoireann scaoileadh faoi bheartas mar seo agus tá a ndícheall déanta acu plé le hoiread daoine is a fhéadfaidís a shroicheadh. Roinnigí bhur scéal leis an bhfoireann pleanála ag gaeilge@sultnasollan.ie

Tugann an fhoireann pleanála cuireadh d'aon duine ar spéis leis/léi bheith bainteach le haon ghné de phleanáil teanga i gCill Dara dul i dteagmháil leo ag gaeilge@sultnasollan.ie

Mar chuid de Sheachtain na Gaeilge 2019 (1 go 17 Márta) beidh seisiún ceist agus freagra faoi phleanáil teanga agus tabharfar freagra go sonrach faoi aon ghné den phlean seo. Tá sé mar aidhm ag an seisiún seo fóram a sholáthar dóibh siúd a bhfuil an plean léite acu agus ar mian leo plé go díreach leis an bhfoireann pleanála faoi aon ghné den phlean féin nó leis an bpróiseas pleanála. Cuirfear na mionsonraí ar www.sultnasollan.ie/gaeilge.

Eagrófar cruinniú poiblí, Meitheal Chill Dara i mí Feabhra gach bliain, ag tosú i mí Feabhra 2020 chun roinnt eolais agus athbhreithniú an dul chun cinn a éascu. Cuirfear eolas ina thaobh ar www.sultnasollan.ie/gaeilge.

# 2. Cur Chuige i leith Pleanáil Teanga

Le go mbeadh an próiseas pleanála teanga seo uileghabhálach agus trédhearcach bhí sé rí-thábhachtach go gcuirfí deiseanna ar fáil chun eolas a roinnt agus do dhaoine aonair is do ghrúpaí a n-ionchur a dhéanamh sa doiciméad críochnúil.

Eagraíodh sraith saotharlanna le grúpaí éagsúla i 2017 agus leanadh ansin le cruinniú poiblí ar a raibh freastal de bhreis is caoga duine. Ghlac go leor díobh seo páirt sa phlé oíche an chruinnithe. Eagraíodh dhá chruinniú poiblí le linn Seachtain na Gaeilge 2018 chun deis a chur ar fáil leis an dréacht-phlean a phlé. Tríd an dréacht-phlean a chur ar líne tugadh deis do gach duine a thuairim a nochtadh.

Díríonn an chéad leagan den phlean ar cheantar bardasach Nás na Ríogh. Eagrófar sraith cruinnithe sna ceantair bhardasacha eile i gContae Chill Dara tar éis seoladh an phlean seo i mí Feabhra 2019, más mian le grúpaí áitiúla iad a eascrú. Tá sé i gceist ag foireann pleanála na doiciméid seo a gcuid taithí go dtí seo a roinnt ag na cruinnithe, agus go mbeidh an t-eolas seo ina chabhair do na ceantair bhardasacha eile a bplean féin a chur le chéile. Táthar ag súil go gcuirfidh siad le leaganacha nua de phlean teanga an chontae ina dhiaidh seo.

Eagrófar cruinniú poiblí, Meitheal Chill Dara i mí Feabhra gach bliain, ag tosú i mí Feabhra 2020 chun roinnt eolais agus athbhreithniú an dul chun cinn a éascu. Cuirfear eolas ina thaobh ar www.sultnasollan.ie/gaeilge

### AN PRÓISEAS – CEITHRE SNÁITHE

Ag an tsraith ceardlainne chun eolas a bhailiú do phlean teanga, úsáideadh teimpléad amháin le linn an phróiseas a fhad i dtreo is go bhféadfadh gach duine ionnanú leis na ceithre gné is tábhachtaí den phleanáil teanga. (Aguisín 7)

Sa doiciméad seo tríd síos, úsáidfear na siombailí chun aibhsiú a dhéanamh ar na ceithre snáithe seo:


- **Stádas na Gaeilge**
- **Deiseanna labhartha**
- **Deiseanna foghlama**
- **Feiceálacht na Gaeilge**

Cuimsíonn an plean seo gníomhaíochtaí áirithe a bheadh pleanáilte dá mbeadh oifigeach Gaeilge lánaimseartha fostaithe sa chontae. Cuireann an siombal seo in iúl go bhfuil an tasc ag braith ar oifigeach forbartha lánaimseartha bheith ar fáil.



Léiríonn an grafaic seo a leanas an próiseáil pleanála 2017-2018 (dréachtadh, comhairliúchán/réiteach an phlean) agus na cúig bliana a leanas a bhaineann leis an bplean (2019-2023 san áireamh).

## PRÓISEAS PLEANÁLA TEANGA



# 3. Comhthéacs agus Cúlra

## STAIR AN-GHONTA DEN GHAEILGE I gCONTAE CHILL DARA

Labhraíodh an Ghaeilge go forleathan i gContae Chill Dara, go háirithe i measc na bhfeirmeoirí beaga, le linn an 18ú céad. Bhí éifeacht as cuimse ag tabhairt isteach an chóras bunoideachais, mar a raibh cosc ar an nGaeilge go dtí 1871 – (an Béarla amháin a mhúintí ar ordú Rialtas na Breataine) – agus ag an nGorta Mór a bhuail líon ollmhór de chainteoirí Gaeilge ar úsáid na Gaeilge. Bhí go leor den scothaicmí pholaitiúla naimhdeach don Ghaeilge, a bhí ina teanga chúlánta dar leo, agus a chonaic an Béarla mar theanga don am a bhí le teacht. Chuir an Eaglais Chaitliceach agus na scoileanna náisiúnta, a bhí á rith ag an Eaglais, in aghaidh úsáid na Gaeilge go dtí thart ar 1890. Bhí deiseanna eacnamaíocha ar fáil do líon mhór daoine a bhí sásta aghaidh a thabhairt ar Stáit Aontaithe Mheiriceá nó ar thíortha Impireacht na Breataine mar a raibh an Béarla in úsáid.

Ag deireadh an naoú céad déag léiríodh spéis athuair i gcultúr is i dteanga na hÉireann. Bunaíodh Cumann Lúthchleas Gael (CLG) in 1884 agus Conradh na Gaeilge in 1893. Bhí éifeacht nach beag acu araon ar mheon an phobail. Bunaíodh craobh de Chonradh na Gaeilge i Nás na Ríogh in 1901 agus toghadh Máire Ní Raghallaigh mar rúnaí.

In 1922, bunaíodh Saorstát Éireann agus rinneadh teanga oifigiúil den Ghaeilge taobh leis an mBéarla. Rinneadh teanga riachtanach den Ghaeilge sna scoileanna náisiúnta agus spreagadh seirbhísí poiblí chun an Ghaeilge a fhoghlaim. D'fhág sé seo i gcontae mar Cill Dara go bhféadfadh duine casadh ar thrí chineál cainteora Gaeilge – iarsma den tsean-ghlúin a raibh an Ghaeilge fós acu, cainteoirí dhúchais ó áiteanna eile faoin tír a bhí tagtha go Cill Dara chun cónaí nó chun dul ag obair san áit agus iadsan a d'fhoghlaim an Ghaeilge ar scoil nó ag ranganna Chonradh na Gaeilge

De réir mar a ghabh páistí tríd an gcóras oideachais le heolas éigin ar an nGaeilge agus de réir mar a bhí cumainn deonacha, dála Conradh na Gaeilge agus Glór na nGael (a bhunaigh Cumann na Sagart in 1961) ag éirí gníomhach, tháinig fás faoi líon na ndaoine a raibh eolas acu ar an nGaeilge agus faoi úsáid na teanga.

Bhí baint ag daoine ó Nás na Ríogh i mbunú Scoil Chrónáin i Ráth Cúil in 1975 – an chéad Ghaelscoil ar an taobh thiar-theas de Chontae Bhaile Átha Cliath agus thaisteal go leor páistí ó Nás na Ríogh go dtí an scoil. D'oscail an chéad Ghaelscoil i gContae Chill Dara i Léim an Bhradáin in 1979 agus d'oscail sé cinn eile ó shin – Cill Choca in 1984, an Droichead Nua in 1995, Maigh Nuad in 1996, Nás na Ríogh i 2002, Áth Í i 2004, agus Baile Chill Dara i 2013. Bunaíodh an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge, Gaelcholáiste Chill Dara sa Droichead Nua i 2003. Ansin bhog sé go Herbert Lodge ar an gCurrach sular bhog sé arís go dtí Nás na Ríogh mar a bhfuil sé faoi láthair. Ag tús na scoilbhliana 2017-2018 bhí 2,516 páiste ag freastal ar Ghaelscoileanna i gContae Chill Dara.

Dónall Ó Riagáin, 2017.

(Tá teacht ar leagan gearr de stair na Gaeilge i gContae Chill Dara in Aguisín 5.)

## EOLAS Ó DHAONÁIREAMH 2016

Léirítear i nDaonáireamh 2016 go bhfuil 85,426 duine, os cionn 3 bliana d'aois, i gContae Chill Dara ar féidir leo an Ghaeilge a labhairt. Is ionann seo agus 40.2% den daonra os cionn 3 bliana d'aois.

Cónaíonn 20,792 (43.0%) díobh seo i gceantar bardasach Mhaigh Nuad. Tá cónaí ar 19,814 (42.0%) díobh i gceantar bardasach Nás na Ríogh; 18,457 (36.7%) i gceantar bardasach an Droichid Nua-Chill Dara; 14,992 (41.8%) i gceantar bardasach Chill Droichid-Léim an Bhradáin agus 11,371 (37.0%) i gceantar bardasach Áth Í.

Dar le Tuairisc.ie léiríonn figiúirí Dhaonáireamh 2016 go bhfuil an líon is airde de chainteoirí laethúla Gaeilge sa Stát (1.30%), taobh amuigh den Ghaeltacht (1.30%) i gCill Dara. Anuas air sin, tá an ceathrú líon is airde de chainteoirí laethúla Gaeilge (2,754) agus de chainteoirí seachtainiúla Gaeilge (5,293) sa Stát, taobh amuigh de na ceantair Gaeltachta. Tá na figiúirí seo go maith fiú amháin i gcomparáid le contaetha ina bhfuil ceantair Gaeltachta. Ní mór a mheabhrú nach mbreathnófaí ar Chill Dara mar chontae ina mbíodh líon ard de dhaoine le Gaeilge. (Aguisín 6A)

Léiríonn Daonáireamh 2016 i dtaca leis an nGaeilge go bhfuil titim de 0.73% ar líon na gcainteoirí Gaeilge sa Stát in ainneoin méadú de 4.54% a bheith tagtha ar dhaonra an Stáit os cionn 3 bliana d'aois. Léirigh na figiúirí do Chill Dara go raibh méadú ar líon na gcainteoirí Gaeilge sa chontae, os cionn 3 bliana d'aois. Ach, cionn is go raibh méadú níos mó fós ar dhaonra uile an chontae léirítear laghdú coibhneasachta ar chéatadán na nGaeilgeoirí sa daonra ina iomláine. Feictear é seo mar go léiríonn figiúirí Dhaonáireamh 2011 gurbh ionann líon na ndaoine le Gaeilge agus 42% den daonra i gcomparáid le 40.2% den daonra i nDaonáireamh 2016.

Léiríonn eochairtháscairí feidhmíochta eile don Ghaeilge go bhfuil titim de 4.4% ar líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge sa Stát, taobh amuigh den chóras oideachais, ó aimsir Dhaonáireamh 2011 i leith. Ar an drochuair, lean Cill Dara an claonadh náisiúnta diúltach seo le laghdú de 3.3% ar líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge. In ainneoin sin, tá Cill Dara ag dul ina bhealach féin le méadú suntasach de 7.3% ar líon na gcainteoirí seachtainiúla Gaeilge taobh amuigh den chóras oideachais.
(Aguisín 6B)

## NA CEANTAIR BARDASACHA

Chun figiúirí Dhaonáireamh 2011 agus figiúirí Dhaonáireamh 2016 do na ceantair bardasacha a chur i gcomparáid lena chéile, ní mór coigeartú áirithe a dhéanamh ó bogadh toghcheantair áirithe idir na ceantair bardasacha.


Tá na táscairí feidhmíochta do na ceantair bardasacha cosúil go maith leosan do Chontae Chill Dara. Tá laghdú ar líon na gcainteoirí laethúla taobh amuigh den chóras oideachais i gceantair bhardasacha Nás na Ríogh agus Cill Droichid - Léim an Bhradáin ach tá méadú ar líon na gcainteoirí laethúla i gceantair bhardasacha An Droichid Nua-Chill Dara, Maigh Nuad agus Áth Í. Ba lú an méadú ná an t-ardú iomlán sa daonra.

Léiríodh méadaithe ar líon na gcainteoirí seachtainiúla Gaeilge taobh amuigh den chóras oideachais thar an méadú ar an ndaonra ina iomláine i gceantar An Droichid Nua-Cill Dara, i gceantar Mhaigh Nuad agus i gceantar bardasach Áth Í. Bhí titim ar líon na gcainteoirí seachtainiúla i gceantair bhardasacha Nás na Ríogh agus Chill Droichid-Léim an Bhradáin a bhí ag teacht leis an laghdú ar an ndaonra uile. I gceantar Chill Droichid-Léim an Bhradáin áfach, bhí méadú ar an daonra iomláin ach laghdú ar líon na gcainteoirí seachtainiúla.

Bhí titim ar na táscairí feidhmíochta uile i gceantar Chill Droichid-Léim an Bhradáin cé is moite d'ardú i líon na gcainteoirí Gaeilge taobh istigh den chóras oideachais (Aguisín 6C).

| Ceantair bardasacha | Líon na gcainteoirí laethúla* | Líon na gcainteoirí seachtainiúla * | Líon na gcainteoirí laethúla + eachtainiúla* |
|---|---|---|---|
| Nás na Ríogh | 553 | 1163 | 1716 |
| Cill Droichid-Léim an Bhradáin | 558 | 862 | 1420 |
| An Droichead Nua-Cill Dara | 557 | 1137 | 1694 |
| Maigh Nuad | 760 | 1401 | 2161 |
| Áth Í | 326 | 730 | 1056 |

***Bunaithe ar líon na gcainteoirí taobh amuigh den chóras oideachais i 2016**
**Féach Aguisín 6C do na mionsonraí**



# ROINN 2

# 4. Fís do Chontae Chill Dara taobh istigh d'achar ama an phlean seo

- Bainfidh áitreabhóirí Chontae Chill Dara leas as deiseanna chun an Ghaeilge a úsáid agus a fhoghlaim.
- Beidh ardú 5% ar líon na gcainteoirí laethúla agus seachtainiúla.
- Aithneoidh soláthróirí seirbhísí san údarás áitiúil agus sa tseirbhís phoiblí an ceart ag daoine chun seirbhísí a fháil trí Ghaeilge agus urramóidh siad do cheart trína chinntiú go mbeidh daoine i gCill Dara in ann plé leo i nGaeilge.
- Taobh istigh de chúig bhliain, beidh comhoibriú idir daoine agus ghrúpaí tríd an gcontae ina iomláine a bhfuil an aidhm choiteann acu an Ghaeilge a chur chun cinn. Aithnímid go bhfuil go leor daoine i gContae Chill Dara atá ag plé leis an nGaeilge agus á cur chun cinn. Is é ár ndóchas, de réir mar a fheidhmítear an plean cúig bliana seo, go bhforbróimid líonra a chuirfidh ar ár gcumas tacú agus comhoibriú le chéile.
- Faoi cheann cúig bliana, beidh mír dá chuid féin i bplean teanga Chontae Chill Dara ag ceantar bardasach amháin eile ar a laghad.
- Tá sé mar fhís fhadtéarmach againn go mbeidh a chuid féin i bplean teanga náisiúnta ag gach ceann de na cúig cheantair bhardasacha. (Aguisín 8)

# 5. Príomhaidhmeanna do Chontae Chill Dara

Aithníodh na príomhaidhmeanna seo a leanas agus tá a rian le feiceáil ar threo na straitéise seo:

- Fostófar ar a laghad beirt lánaimseartha i gContae Chill Dara chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Tá oifigigh forbartha Gaeilge lánaimseartha fostaithe mórthimpeall na hÉireann ag eagraíochtaí dála Conradh na Gaeilge, Glór na nGael, Gaillimh le Gaeilge, Gnó Mhaigh Eo agus ag dreamanna eile. Fostófar na daoine seo le tacaíocht ó eagraíochtaí dála Foras na Gaeilge, An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus/nó Comhairle Contae Chill Dara.
- Faoi dheireadh na cúig bliana beidh ar a laghad ceantar amháin i gContae Chill Dara aitheanta mar Cheantar Líonra Teanga.
- Beidh an dara Gaelcholáiste bunaithe agus ag feidhmiú i gContae Chill Dara.
- Beidh líonra bunaithe agus an aidhm leis ná lárionad Gaeilge agus cultúir Ghaelaigh a phleanáil do Chontae Chill Dara.
- Tá ról ceannais á ghlacadh ag Comhairle Contae Chill Dara (CCCD) i leith cur chun cinn na Gaeilge agus seirbhísí i nGaeilge a fhorbairt. Le déanaí, d'fhoilsigh CCCD scéim teanga nuashonraithe (2018-2023) i dtaca le bheith géilliúil d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus faoina n-iarrachtaí chun rochtain seirbhísí i nGaeilge a fheabhsú. Dréachtadh an plean tar éis dul i gcomhar le heochair-pháirtithe leasmhara sa chontae. Is féidir an doiciméad seo a íoslódáil ar: http://kildare.ie/CountyCouncil/ga/SceimnaGaeilge/
- Cuirfidh CCCD na haidhmeanna ina bPlean Gaeilge 2018-2021 i bhfeidhm. Cuirfidh Comhairle Contae Chill Dara seirbhísí poiblí ar fáil i nGaeilge mar atá doiciméadaithe sa phlean seo.
- Féachfaidh Comhairle Contae Chill Dara le cinntiú go mbeidh áit sonraithe ag an nGaeilge i ngach plean ceantair a fhoilseoidh Comhairle Contae Chill Dara.
- Cuirfidh Comhairle Contae Chill Dara infhaighteacht seirbhísí trí Ghaeilge chun cinn.
- Bunófar coiste nua Gaeilge do leabharlanna i gContae Chill Dara chun imeachtaí Gaeilge agus dátheangacha a mhaoirsiú.
- Cuirfidh Comhairle Contae Chill Dara maoiniú ar fáil do scoláireachtaí agus d'imeachtaí a chothóidh úsáid na Gaeilge i measc an phobail.
- Tacóidh an Comhairle Contae le grúpaí a chuireann seirbhísí agus deiseanna ar fáil trí Ghaeilge ar bhealaí praiticiúla e.g. poiblíocht, ionaid, deontais a chur ar fáil.
- Beidh an Ghaeilge sofheicthe i meán shóisialta agus i gcumarsáid dhigiteach Chomhairle Contae Chill Dara.
- Rachaidh eagraíochtaí, atá eagraithe ar fud an chontae, dála CLG, Comhaltas Ceoltóirí Éireann agus na Gasóga i gcomhar le craobhacha eile dá n-eagraíochtaí féin chun ar a laghad imeacht amháin sa bhliain a eagrú trí Ghaeilge.
- Eagróidh líon méadaithe d'eagraíochtaí deonacha áitiúla ar a laghad imeacht bhliantúil amháin trí Ghaeilge dá gcuid ball féin.
- Féachfar le himeachtaí Gaeilge i gContae Chill Dara a chlárú ar www.kildare.ie/events agus ar www.peig.ie (eolaire náisiúnta ar líne d'imeachtaí Gaeilge).

# 6. Critéir ratha do Chontae Chill Dara

- Fostóidh Sult na Sollán, Cill Dara le Gaeilge nó eagraíocht náisiúnta éigin, mar shampla, ar a laghad beirt oifigeach forbartha i gContae Chill Dara chun an Ghaeilge a chur chun cinn.
- Ag deireadh na cúig bliana beidh ceantar amháin ar a laghad i gContae Chill Dara aitheanta mar Cheantar Líonra Teanga.
- Cuirfidh Comhairle Contae Chill Dara chuid is mó ar fad de na gníomhaíochtaí atá liostáilte ina plean Gaeilge nuashonraithe 2018-2021 i bhfeidhm. Is féidir an doiciméad seo a íoslódáil anseo: http://kildare.ie/CountyCouncil/ga/SceimnaGaeilge/
- Forbrófar clár rialta d'imeachtaí Gaeilge agus dátheangacha i leabharlanna Chontae Chill Dara.
- Má bhainimid amach ocht gcinn de na príomhaidhmeanna do Chontae Chill Dara sa rannóg thuas, braithfimid gur éirigh linn.


Critéir Ratha



# ROINN 3.1
# Ceantar bardasach Nás na Ríogh

Is féidir teimpléad mar seo a úsáid sna cúig cheantar bardasacha i gContae Chill Dara.

# 7. Fís do cheantar bardasach Nás na Ríogh




*"Taobh istigh de thréimhse cúig bliana beidh sé indéanta ag daoine an chuid is mó dá ngníomhaíochtaí laethúla sa phobal seo a dhéanamh trí Ghaeilge."*

# 8. Comhthéacs do cheantar bardasach Nás na Ríogh

## 8.1 DAONÁIREAMH 2016

I gceantar bardasach Nás na Ríogh tá roinnt lonnaíochtaí ar bailte iad – Nás na Ríogh, na Solláin, Cill Chuilinn, An Chill, Baile Eoin, Ceárach, an Baile Mór, Teach an Dá Mhíle, Baile Bhrannóg agus Cill Chéile.

Is iad seo na príomh-thátail ar féidir a bhaint as anailís a dhéanamh ar na figiúirí do na lonnaíochtaí baile seo:

- Ba mhó an méadú ar líon na ndaoine le Gaeilge sna ceantair seo ná an méadú ar an bpobal: Ceárach (15.8%), na Solláin (15%), Teach an Dá Mhíle (8.0%).
- Tháinig méadú ar líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge taobh amuigh den chóras oideachais: Teach an Dá Mhíle (150%) agus na Solláin (6.7%)
- Tháinig méadú ar líon na gcainteoirí seachtainiúla Gaeilge taobh amuigh den chóras oideachais ana bailte seo: Nás na Ríogh (9.2%), Cill Chuillinn (28.1%), An Baile Mór (14.3%) agus Baile Bhrannóg (133.3%).
- Tá an céatadán de chainteoirí Gaeilge sa phobal, atá 3 bliana d'aois nó níos mó, i bhfad níos mó ná an meán don stát ina iomláine (38.5%) i dTeach an Dá Mhíle (57.5%), Ceárach (53.3%), Baile Bhrannóg (49.5%) agus Baile Eoin (47.1%).
- Tá líon na ndaoine a labhraíonn an Ghaeilge go laethúil nó go seachtainiúil ina n-iomláine taobh amuigh den chóras oideachais tar éis titim mar seo – An Chill (13.3%), Baile Eoin (7.3%), Ceárach (5.3%), An Baile Mór (21.4%) agus Cill Chéile (62.5%) (Aguisín 6D)

## 8.2 DEISEANNA Ó THAOBH NA GAEILGE DE I GCEANTAR BARDASACH NÁS NA RÍOGH SA LÁ ATÁ INNIU ANN

- Bunaíodh Gaelscoil Nás na Ríogh i 2002 agus bhí 408 dalta cláraithe inti mí Feabhra 2019. Is i Nás na Ríogh atá Gaelcholáiste Chill Dara lonnaithe anois agus bhí 353 dalta cláraithe inti mí Feabhra 2019. Cuir leosan na páistí atá ag freastal ar dhá naíonra sa cheantar agus tá beagnach 800 duine óg ag fáil a gcuid oideachais trí Ghaeilge i Nás na Ríogh. (Aguisín 1 mar atá figiúirí imlíneacha do Chontae Chill Dara)
- Dúshlán nach beag é tabhairt ar na scoileanna Béarla páirt a ghlacadh in imeachtaí áitiúla Gaeilge ach tá roinnt scoileanna tar éis cur isteach ar an gcomórtas ceoil, Gradam na Sollán, agus ar chomórtais Sheachtain na Gaeilge.
- Tá an grúpa *Glór na Ríogh*, atá lonnaithe i Nás na Ríogh, agus Sult na Sollán, atá bunaithe sna Solláin, araon cláraithe mar chraobhacha de Chonradh na Gaeilge agus iad gníomhach i gcur chun cinn na Gaeilge.
- Bíonn teacht le chéile rialta i Nás na Ríogh ag trí chlub óige Gaeilge – *Óg Ógras* (49 ball cláraithe mí na Samhna 2018), *Ógras* (15 ball cláraithe mí na Samhna 2018) agus *Cumann na bhFiann* (15 ball cláraithe mí na Samhna 2018). Fáiltíonn na clubanna uile roimh bhaill nua.
- Tá tríocha ball cláraithe ag *Cill Dara le Gaeilge*, an scéim a chuireann gnó chun cinn trí Ghaeilge.
- Reáchtálann *Sult na Sollán* agus Leabharlann Nás na Ríogh ciorcail comhrá seachtainiúla. Sa leath deiridh de 2018 cuireadh tús le ciorcail comhrá nua sa Bhaile Mór agus i gComhaltas Chill Chéile/ Bhaile Éide.
- Leanann *Glór na Ríogh* de bheith ag éascú campaí ar Oíche Shamhna, um Cháisc agus um Nollaig i nGaelscoil Nás na Ríogh agus iad oscailte do chách.
- Reáchtálann *Coláiste Naomh Eoin* dhá chúrsa samhraidh coicíse do dhaltaí bunscoile agus dara leibhéil i gColáiste Chnoc an Phíobaire i Nás na Ríogh gach bliain.

- Reáchtálann *Sult na Sollán*, Coláiste Chnoc an Phíobaire agus Scoil Mhuire, Claonadh, cúrsaí Gaeilge do dhaoine fásta.
- Féile bhliantúil dátheangach í Féile na Sollán a eagraítear sna Solláin agus a cheiliúrann gach gné den chultúr traidisiúnta Gaelach.
- Tá clár, a bhfuil fás leanúnach faoi, do Sheachtain na Gaeilge (SnaG) i gceantar Nás na Ríogh/na Sollán. Bunaíodh coiste faoi leith le SnaG a chur chun cinn go háitiúil i 2017.
- Is údar bróid é go raibh Contae Chill Dara i Rith 2010, Rith 2012 agus Rith 2016. Féach www.rith.ie le tuilleadh eolais a fháil faoin imeacht náisiúnta Gaeilge seo.
- Bhain Glór na Ríogh agus Sult na Sollán araon duaiseanna i gcomórtas bliantúil Ghlór na nGael. I 2014 tháinig an dá ghrúpa le chéile le Cill Dara le Gaeilge faoin ainm Gaeil Chill Dara chun cur isteach ar an gcomórtas. Bhuaigh Gaeil Chill Dara duaiseanna achan bhliain ó shin, ar a n-áirítear teacht sa tríú háit ina chatagóir i 2015 agus duais Chúige Laighean a bhuachan faoi thrí.
- Reáchtáladh trí imeacht shóisialta Pop up Gaeltacht i Nás na Ríogh/sna Solláin le linn 2018. Féadfar imeacht ráithiúil a dhéanamh de seo sna blianta amach romhainn.

# 9. Príomhaidhmeanna do cheantar bardasach Nás na Ríogh le linn na cúig bliana amach romhainn

Aithníodh na príomhaidhmeanna seo a leanas agus d'fhoirmigh siad treo na straitéise seo:

- Aithneofar Nás na Ríogh/na Solláin mar Líonra Gaeilge.
- Beidh ardú 5% ar líon na cainteoirí laethúla agus seachtainiúla Gaeilge le feiceáil i nDaonáireamh 2021 i gcomparáid le Daonáireamh 2016.
- Beidh ar a laghad duine amháin fostaithe i gceantar Nás na Ríogh/Na Sollán chun an Ghaeilge a chur chun cinn.
- Beidh tús maith curtha leis an bpróiseas pleanála do chultúrlann sa cheantar áitiúil.

# 10. Croíphrionsabail do cheantar bardasach Nás na Ríogh

Tá na lárphrionsabail seo a leanas aitheanta againn mar nithe tábhachtacha chun ár bpríomhaidhmeanna a bhaint amach:

- Daoine ar mian leo tosú nó leanúint leis an nGaeilge a bheith mar phríomhtheanga baile acu a aithint agus tacú leo.
- Gaol láidir, inbhuanaithe idir institiúidí Gaeilge agus an pobal áitiúil Gaeilge a thógáil.
- Nasc a dhéanamh le pobail Ghaeltachta agus saibhreas na Gaeltachta a thabhairt isteach inár ndúiche.
- Nasc a dhéanamh le Líonra Gaeilge amháin eile ar a laghad.
- Deiseanna oideachais ar gach leibhéal a sholáthar d'fhoghlaimeoirí Gaeilge.
- Cainteoirí óga Gaeilge a chur ag eagrú imeachtaí is á reáchtáil.
- Pobal níos leithne a mhealladh chun dúil a chur sa Ghaeilge agus iad a bheith gníomhach oiread agus is féidir; féachfaimid leis an nGaeilge a chur chun cinn i gcomhthéacs gach gné den saol laethúil chomh maith leis an gcultúr traidisiúnta Gaelach.
- Gaol éifeachtach agus comhthairbheach a thógail le heagraíochtaí náisiúnta a chuireann an Ghaeilge chun cinn.
- Infheictheacht na Gaeilge ar chomharthaí poiblí, ar chomharthaíocht eile agus sna meáin a fheabhsú.
- Rath/éifeacht an phlean seo a athbhreithniú ar bhonn leanúnach, ar an-áirítear ar a laghad comhairliúchán poiblí amháin sa bhliain.
- Ceantar Nás na Ríogh/Na Sollán a chur chun cinn mar áit mhealltach le clann a thógáil trí Ghaeilge.

# 11. Réimsí Gníomhaíochta do cheantar bardasach Nás na Ríogh

*Tá sainspriocanna agus tréimhsí ama do na réimsí gníomhaíochta thíos leagtha amach i Mír 12 e.g. Baineann fomhír 11.1 le fomhír 12.1*

### 11.1 AN GHAEILGE SA TEAGHLACH

- Cabhair agus tacaíocht a chur ar fáil do theaghlaigh atá ag tógáil clainne le Gaeilge
- Imeachtaí agus gníomhaíochtaí teaghlaigh trí Ghaeilge a eagrú taobh amuigh de thimpeallacht na scoile
- Seirbhísí tacaíochta Gaeilge a chur chun cinn maille le leabhair/cluichí/éadaí etc.
- Feasacht a mhúscailt faoi na buntáistí a ghabhann le páistí a thógáil le Gaeilge trí eolas a sholáthar chomh luath agus is féidir

### 11.2 AN GHAEILGE SA PHOBAL

- An Ghaeilge a chur chun cinn ag féilte agus aontaí áitiúla
- Comhoibriú le Comhairle Contae Chill Dara le cinntiú go mbíonn an Ghaeilge ar gach comharthaíocht phoiblí agus go mbíonn sí ag teacht le forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003
- Úsáid na Gaeilge ag imeachtaí áitiúla a spreagadh

### 11.3 AN GHAEILGE I gCÚRSAÍ GNÓ

- Scéim gnó Chill Dara le Gaeilge a chur chun cinn
- Níos mó gnólachtaí áitiúla a spreagadh chun an Ghaeilge a úsáid trí eolas agus líonra tacaíochta a sholáthar
- Custaiméirí a spreagadh chun tacú le gnólachtaí a úsáideann an Ghaeilge, go háirithe iadsan atá cláraithe le Cill Dara le Gaeilge
- Custaiméirí a spreagadh chun an Ghaeilge a úsáid nuair a bhíonn siad ag plé le gnólachtaí
- Ceantar bardasach Nás na Ríogh a chur chun cinn mar áit mhealltach chun gnó a dhéanamh trí Ghaeilge

### 11.4 OIDEACHAS TRÍ MHEÁN NA GAEILGE

- Tacú leis na naíonraí, na Gaelscoileanna agus na Gaelcholáistí atá cheana féin ann.
- Tacú le bunú naíonra eile sa dúiche áitiúil.
- Tacú le bunú Gaelscoile breise sa cheantar máguaird.

### 11.5 AN GHAEILGE I SCOILEANNA BÉARLA

- Gaol oibre a thógáil idir na Gaelscoileanna agus na scoileanna Béarla
- Eolas faoi imeachtaí áitiúla Gaeilge a chur ar fáil do na scoileanna Béarla.
- Spreagadh a thabhairt chun úsáid na Gaeilge a mhéadú taobh amuigh de ghnáth-shuíomhanna an seomra ranga.

### 11.6 DAOINE FÁSTA AG FOGHLAIM NA GAEILGE

- Ranganna a sholáthar d'fhoghlaimeoirí ar leibhéil éagsúla
- Bealaí áitiúla, atá cheana féin ann, chun an Ghaeilge a fhoghlaim a chur chun cinn
- Ciorcail chomhrá áitiúla a chur chun cinn mar bhealach chun líofacht a bhaint amach agus chun bualadh le daoine eile a bhfuil na spéiseanna céanna acu
- Raon gníomhaíochtaí trí mheán na Gaeilge a sholáthar
- Eolas faoi dheiseanna cónaithe/cúrsaí sa Ghaeltacht a scaipeadh agus an gaol atá againn le lucht a soláthair a fhorbairt tuilleadh

## 11.7 GRÚPAÍ POBAIL AR A N-ÁIRÍTEAR GRÚPAÍ ÓIGE

- Fiosróidh grúpaí pobail deiseanna chun an Ghaeilge a chur chun cinn
- Tabharfar an deis do ghrúpaí ar mian leo an Ghaeilge a fhorbairt nó a chur chun cinn ina n-eagraíochtaí saineolas nó comhairle sheachtrach a fháil
- Roinnfidh grúpaí a bhfuil spéis acu an teanga a chur chun cinn acmhainní agus smaointe lena chéile
- Ceapfaidh ar a laghad dhá chlub CLG bhreise i gceantar bardasach Nás na Ríogh Oifigigh Gaeilge gach bliain
- Cuirfidh clubanna CLG i gContae Chill Dara le húsáid agus le suntasacht na Gaeilge ina gclubanna
- Glacfaidh raon grúpaí/clubanna páirt in imeacht Ghaeilge amháin ar a laghad gach bliain
- Glacfaidh níos mó daoine óga páirt ghníomhach i bpobal na Gaeilge

## 11.8 SEIRBHÍSÍ POIBLÍ

- Oibriú i gcomhar le seirbhísí poiblí áitiúla le cinntiú go mbeidh a gcuid seirbhísí uile ar fáil i nGaeilge
- Daoine a spreagadh chun leas a bhaint as seirbhísí poiblí i nGaeilge

## 11.9 LÍONRÚ LE POBAIL GHAEILGE EILE

- Eagrófar cuairt thar oíche amháin ar a laghad ar cheantar Gaeltachta
- Eagrófar cuairt thar oíche amháin ar a laghad ar Líonra Gaeilge
- Tabharfar cuireadh do ghrúpa pobail Gaeltachta cuairt a thabhairt ar cheantar Nás na Ríogh/na Sollán
- Tabharfar cuireadh do phobal ó Líonra Gaeilge cuairt a thabhairt ar cheantar Nás na Ríogh/na Sollán

## 11.10 POIBLÍOCHT AGUS FEASACHT

- Úsáidfear cur chuige níos comhordaithe i measc grúpaí a reáchtálann gníomhaíochtaí agus imeachtaí Gaeilge le cinntiú go bhfaigheann siad níos mó poiblíochta
- Úsáidfear raon níos leithne fóram chun poiblíocht a dhéanamh ar imeachtaí le cinntiú go bhfeiceann an líon is mó daoine agus is féidir é
- Forbrófar caidrimh idir eagraíochtaí áitiúla Gaeilge agus na scoileanna áitiúla ar fad ar mhaithe le dul i bhfeidhm ar dhaltaí agus ar thuismitheoirí







## 11.11 AN PLEAN TEANGA MAR DHOICIMÉAD ‘BEO’


- Athbhreithneofar an plean seo go bliantúil agus déanfar é a oiriúnú/uasdátú mar is cuí
- Mar chuid den phróiseas seo iarrfar ar ghrúpaí éagsúla agus ar an mórphobal ionchur uasdátaithe a thabhairt

# 12. Sain-spriocanna agus tréimhsí ama do réimsí gníomhaíochta do cheantar bardasach Nás na Ríogh


*Baineann na sain-spriocanna agus tréimhsí ama do na réimsí gníomhaíochta thíos go díreach leis na réimsí gníomhaíochta atá luaite i Mír 11 e.g. baineann Fomhír 12.1 go díreach le fomhír 11.1.*

## 12.1 AN GHAEILGE SA TEAGHLACH



| | TRÉIMSE AMA | ÚINÉIR | SNÁITHE | MÁRTA 2023 |
|---|---|---|---|---|
| Le cúnamh ó Ghlór na nGael, cuir pacáiste tosaigh le chéile do thuismitheoirí nua ina mbeadh eolas faoi sheirbhísí tacaíochta agus faoi ábhar atá ar fáil. | Bliain 1 | Sult na Sollán | |  |
| Má fhostaítear Oifigeach Gaeilge lánaimseartha, tabharfaidh sé/sí grúpaí réamhbhreithe le heolas a dháileadh amach maidir leis na tacaíochtaí atá ar fáil do thuismitheoirí ar mian leo a gclann a thógáil le Gaeilge. | | | |  |
| Cinntigh go bhfuil eolas ar fáil ar líne e.g. www.sultnasollan.ie, www.gaelscoilnas.ie, www.gccd.ie srl. | Blianta 1-5 | Sult na Sollán | |  |
| Saotharlann a eagrú do dhaltaí idirbhliana i nGaelcholáiste Chill Dara faoi na buntáistí a bhaineann le páistí a thógáil trí Ghaeilge. | Blianta 1 - 5 | Sult na Sollán | |  |
| Má fhostaítear Oifigeach Gaeilge lánaimseartha, déanfar modúl iomlán idirbhliana ar na buntáistí a bhaineann le clann a thógáil le Gaeilge a dhearadh agus a sholáthar. | | | |  |
| Ceithre thuras a eagrú gach bliain a bheidh dírithe ar theaghlaigh atá ag tógáil clainne le Gaeilge. | Blianta 1 - 5 | Sult na Sollán | |  |
| Leanúint de bheith ag éascú ciorcal comhrá seachtainiúil do theaghlaigh le Gaeilge. | Blianta 1 - 5 | Sult na Sollán | |  |
| Grúpa tuismitheoirí agus leanaí a reáchtáil go rialta. Má fhostaítear Oifigeach Gaeilge lánaimseartha, déanfar é seo uair sa tseachtain nó uair sa choicís. | Blianta 2 - 5 | Sult na Sollán | |  |





**EOCHAIR EOLAIS:** = stádas; = deiseanna labhartha; = deiseanna foghlama; = feiceálacht; = fostaí lánaimseartha

| | TRÉIMSE AMA | ÚINÉIR | SNÁITHE | MÁRTA 2023 |
|---|---|---|---|---|
| Aithníonn an fhoireann pleanála go bhfuil spás ann d'fhobairt tithíochta i mórcheantar Nás na Ríogh agus na Sollán áit a mbeadh an Ghaeilge mar phríomhtheanga ann. Sna seascaidí, tugadh faoi thionscnaimh den chineál seo thart ar Bhóthar Ráth Oscair i Nás na Ríogh. Rinneadh an rud céanna ar Bhóthar Sheá, Béal Feirste, roimh dheireadh na seascaidí. Taobh istigh de thréimhse an phlean seo, tá sé beartaithe ag Sult na Sollán réamhfhiosrúchán a dhéanamh le fáil amach an mbeadh éileamh ar a leithéid sa cheantar. Dá mbeadh an t-éileamh ann, chaithfí a fháil amach an mbeadh sé indéanta tabhairt faoi le tacaíocht ó Chomhairle Contae Chill Dara, chomh maith le forbróir toilteanach. | Blianta 3-5 | Sult na Sollán | |  |










## 12.2 AN GHAEILGE SA PHOBAL

| | TRÉIMSE AMA | ÚINÉIR | SNÁITHE | MÁRTA 2023 |
|---|---|---|---|---|
| Leanúint de bheith ag plé le Comhairle Contae Chill Dara Éire Ildánach chun go mbainfí úsáid níos leithne as an nGaeilge ag féilte a fhaigheann maoiniú poiblí. | Blianta 1-5 | Sult na Sollán | |  |
| Leanúint de bheith ag athbhreithniú comharthaíocht phoiblí sa dúiche. In aon chás ina mbíonn neamhchomhlíonadh an Acht um Theangacha Oifigiúla 2003 , rachfar i dteagmháil le Comhairle Contae Chill Dara agus rachfar i dteagmháil leis an gComhairle Contae agus, más gá, leis an gCoimisinéir Teanga. (Tá samplaí de chomharthaíocht cheart agus mhícheart le feiceáil in Aguisín 9). | Blianta 1-5 | Sult na Sollán | |  |
| Nuair is féidir, dul i dteagmháil le lucht eagraithe imeachtaí áitiúla le go mbainfí úsáid as an nGaeilge in: 1. Ábhar poiblíochta, 2. Réamhfhógraí, 3. Imeachtaí. | Blianta 1-5 | Sult na Sollán<br>CCCD | |  |
| Má fhostaítear Oifigeach Gaeilge lánaimseartha, cuideoidh sé/sí le lucht eagraithe imeachtaí áitiúla le réimsí a aithint inar féidir an Ghaeilge a úsáid agus cuirfidh sé/sí tacaíocht chuí ar fáil. | | Sult na Sollán | |  |


**EOCHAIR EOLAIS: = stádas; = deiseanna labhartha; = deiseanna foghlama; = feiceálacht; = fostaí lánaimseartha**







## 12.3 AN GHAEILGE I gCÚRSAÍ GNÓ

| | TRÉIMSE AMA | ÚINÉIR | SNÁITHE | MÁRTA 2023 |
|---|---|---|---|---|
| Cur le húsáid na meán sóisialta, www.cilldaralegaeilge.ie, na meáin áitiúla agus pátrúnacht áitiúil a úsáid chun cur le féinfheasacht scéim *Chill Dara le Gaeilge.* | Blianta 1-5 | Cill Dara le Gaeilge (CDLG) | |  |
| Má bhíonn duine fostaithe ag Cill Dara le Gaeilge, cuirfidh sé/sí scéalta faoi na gnólachtaí atá ag úsáid na Gaeilge chuig na meáin níos rialta. | Blianta 2-5 | CDLG | |  |
| *Cill Dara le Gaeilge* a chur chun cinn sna scoileanna áitiúla. | Blianta 1-5 | CDLG | |  |
| Má bhíonn duine fostaithe ag *Cill Dara le Gaeilge*, tabharfaidh sé/sí cuairt ar scoileanna áitiúla ar a laghad uair sa bhliain chun scéim Chill Dara le Gaeilge a mhíniú agus chun comórtais do chustaiméirí a úsáideann an Ghaeilge a eagrú agus a chur chun cinn. | Blianta 2-5 | CDLG | |  |
| Trí ghnólacht nua gach bliain a chur le líon na ngnólachtaí atá ag glacadh páirte i scéim *Cill Dara le Gaeilge.* | Blianta 1-5 | CDLG | |  |
| Má bhíonn duine fostaithe ag *Cill Dara le Gaeilge*, cuirfear le scéim Chill Dara le Gaeilge le gnólachtaí i mbailte eile i gCill Dara a thabhairt san áireamh. | Blianta 2-5 | CDLG | |  |
| Caidreamh a fhorbairt le Cumann Tráchtála Chill Dara. | Blianta 1-5 | CDLG | |  |
| Má bhíonn duine fostaithe ag *Cill Dara le Gaeilge*, freastalóidh sé/sí ar líon áirithe cruinnithe le Cumann Tráchtála Chill Dara gach bliain agus tacóidh sé/sí le hiarrachtaí bhaill an chumainn Gaeilge a úsáid. | Blianta 2-5 | CDLG | |  |
| Feachtas a eagrú le linn Sheachtain na Gaeilge chun úsáid na Gaeilge i siopaí áitiúla a mhéadú. | Blianta 1-5 | Sult na Sollán CDLG | |  |

EOCHAIR EOLAIS: = stádas; = deiseanna labhartha; = deiseanna foghlama; = feiceálacht; = fostaí lánaimseartha




## 12.3 AN GHAEILGE I gCÚRSAÍ GNÓ








| | TRÉIMSE AMA | ÚINÉIR | SNÁITHE | MÁRTA 2023 |
|---|---|---|---|---|
| Má bhíonn duine fostaithe ag *Cill Dara le Gaeilge*, tabharfaidh sé/sí cuairt faoi leith ar gach scoil chun imeachtaí Sheachtain na Gaeilge a chur chun cinn. | Blianta 2-5 | Sult na Sollán | |  |
| Fostóidh *Cill Dara le Gaeilge* duine lánaimseartha chun dul ag obair ar son gnólachtaí ar mian leo níos mó Gaeilge a úsáid, rud a chuirfidh ar chumas CDLG a chuid seirbhísí a leathnú amach go dtí áiteanna eile i gCill Dara (Tá sé seo ag braith ar mhaoiniú a bheidh ar fáil). | Blianta 2-5 | CDLG |  |  |
| Aitheantas a thabhairt go poiblí do ghnólachtaí a chuireann an Ghaeilge chun cinn go gníomhach. | Blianta 1-5 | CDLG |  |  |
| Má bhíonn duine fostaithe ag Cill Dara le Gaeilge, déanfaidh sé/sí comhordú ar shearmanas bliantúil bronnta chun aitheantas a thabhairt do ghnólachtaí a chuireann seirbhís trí Ghaeilge ar fáil dá gcustaiméirí. Beidh an searmanas seo eagraithe go maith agus déanfar poiblíocht fhorleathan air. | Blianta 2-5 | CDLG | | |
| Poibleoidh *Cill Dara le Gaeilge* gnólachtaí áitiúla le Gaeilge do phobal taobh amuigh den dúiche e.g. Oireachtas na Gaeilge. | Blianta 1-5 | CDLG |  |  |
| Má bhíonn duine fostaithe ag *Cill Dara le Gaeilge*, reáchtálfaidh sé/sí ranganna/ ceardlanna Gaeilge do ghnólachtaí le cuidiú leo seirbhís níos fearr a chur ar fáil trí Ghaeilge. | Blianta 3-5 | CDLG | |  |

**EOCHAIR EOLAIS:** = stádas; = deiseanna labhartha; = deiseanna foghlama; = feiceálacht; = fostaí lánaimseartha


Dul chun cinn











## 12.4 OIDEACHAS TRÍ MHEÁN NA GAEILGE

| | TRÉIMSE AMA | ÚINÉIR | SNÁITHE | MÁRTA 2023 |
|---|---|---|---|---|
| Naisc chuig suíomhanna Ghaelscoil Nás na Ríogh agus Gaelcholáiste Chill Dara chomh maith le sonraí teagmhála do na naíonraí áitiúla a sholáthar ar www.sultnasollan.ie agus cur leis an bhfeasacht ghinearálta ag imeachtaí áitiúla. | Blianta 1-5 | Sult na Sollán | |  |
| Má fhostaítear Oifigeach Gaeilge lánaimseartha, tapóidh sé/sí gach deis le caidreamh a thógáil le Gaelscoileanna agus le Gaelcholáistí trí chuairteanna a thabhairt ar ranganna chomh maith le comórtais a eagrú agus a chur chun cinn. | Blianta 2-5 | Sult na Sollán | |  |
| Líonra a bhunú a bheidh tiomnaithe do bhunú naíonra nua i gceantar na Sollán (Seol r-phost chuig gaeilge@sultnasollan.ie chun do spéis a léiriú). | Blianta 2-5 | Sult na Sollán | Tá |  |
| An próiseas pleanála a thosú chun an naíonra nua a bhunú. | Blianta 3-5 | Líonra an naíonra | Tá |  |
| Má fhostaítear Oifigeach Gaeilge lánaimseartha, beidh sé/sí ina b(h)all gníomhach den choiste a mbeidh mar aidhm aige an naíonra nua a bhunú. | Blianta 2-5 | | |  |
| Líonra nua a thógáil a bheidh tiomnaithe do bhunú Gaelscoil nua i gceantar na Sollán/Claonadh (Seol r-phost chuig gaeilge@sultnasollan.ie chun do spéis a léiriú). | Blianta 2-5 | Sult na Sollán | Tá |  |
| An próiseas pleanála a thosú chun Gaelscoil nua a bhunú. | Blianta 3-5 | Líonra na nGaelscoileanna | Tá |  |
| Má fhostaítear Oifigeach Gaeilge lánaimseartha, beidh sé/sí ina b(h)all gníomhach den choiste a mbeidh mar aidhm aige an Ghaelscoil nua a bhunú. | | | |  |







**EOCHAIR EOLAIS:** = stádas; Tá = deiseanna labhartha; = deiseanna foghlama; = feiceálacht; = fostaí lánaimseartha




## 12.5 AN GHAEILGE I SCOILEANNA BÉARLA

| | TRÉIMSE AMA | ÚINÉIR | SNÁITHE | MÁRTA 2023 |
|---|---|---|---|---|
| Caidreamh a chothú idir Gaelscoileanna agus scoileanna Béarla e.g. tobshluaite agus comórtais. | Blianta 1-5 | Sult na Sollán & scoileanna áitiúla | |  |
| Má fhostaítear Oifigeach Gaeilge lánaimseartha, tabharfaidh sé/sí cuairt ar scoileanna áitiúla agus déanfaidh sé/sí áisitheoireacht ar chomhoibriú idir scoileanna chun an Ghaeilge a chur chun cinn. | | | |  |
| Tabharfar cuireadh do mhúinteoirí ó gach scoil áitiúil teacht ar choiste Sheachtain na Gaeilge. | Blianta 1-5 | Sult na Sollán | |  |
| Beidh ar a laghad beirt mhúinteoirí áitiúla ar choiste Sheachtain na Gaeilge. | Blianta 1-5 | Sult na Sollán | |  |
| Cinnteofar go dtabharfar eolas faoi imeachtaí Gaeilge áitiúla do na scoileanna Béarla. | Blianta 1-5 | Sult na Sollán | |  |
| Má fhostaítear Oifigeach Gaeilge lánaimseartha, cuideoidh sé/sí le himeachtaí Gaeilge a eagrú i scoileanna Béarla agus tabharfaidh sé/sí cuart ar scoileanna Béarla chun feasacht a ardú ar an bpobal Gaeilge áitiúil agus ar na gníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl acu. | | | |  |
| Eagróidh na scoileanna Béarla ar a laghad imeacht Gaeilge amháin in aghaidh na bliana.<br>Má fhostaítear Oifigeach Gaeilge lánaimseartha, cuideoidh sé/sí le himeachtaí Gaeilge a eagrú i scoileanna Béarla. | Blianta 2-5 | Scoileanna áitiúla | | |
| Suirbhé a dhéanamh ar na scoileanna áitiúla faoina gcuid imeachtaí Gaeilge le linn Sheachtain na Gaeilge agus na bliana ar fad.<br>Má fhostaítear Oifigeach Gaeilge lánaimseartha, beidh sé/sí in ann anailís níos doimhne a dhéanamh ar imeachtaí Gaeilge sna scoileanna. | Blianta 1-5 | Sult na Sollán | | |
| Tabharfaidh aoichainteoir cuairt ar scoileanna chun na daltaí a chur ar an eolas/a spreagadh faoi ghníomhaíochtaí agus tionscnaimh Ghaeilge taobh amuigh den seomra ranga. | Blianta 2-5 | Sult na Sollán | |  |
| Má fhostaítear Oifigeach Gaeilge lánaimseartha, cuirfidh sé/sí liosta cainteoirí feiliúnacha le chéile agus cuideoidh sé/sí le comhordú a dhéanamh ar chuairteanna na gcainteoirí sin ar scoileanna. | | | |  |

## 12.6 DAOINE FÁSTA AG FOGHLAIM NA GAEILGE







| | TRÉIMSE AMA | ÚINÉIR | SNÁITHE | MÁRTA 2023 |
|---|---|---|---|---|
| Soláthróidh Sult na Sollán trí théarma de ranganna comhrá Gaeilge ar dhá leibhéal cumais ar a laghad, ag brath ar éileamh. Beidh ranganna Gaeilge ar fáil freisin i gColáiste Chnoc an Phíobaire agus i Scoil Mhuire, Claonadh, mar chuid dá gclár oideachais do dhaoine fásta. | Blianta 1-5 | Sult na Sollán | |  |
| Nuair a bhronnfar stádas Líonra Gaeilge ar an gceantar, cuirfidh muid téarma teoranta ranganna saor in aisce ar an nGaeilge agus ar an gcultúr Gaelach do dhaoine fásta nach bhfuil Gaeilge acu. | Blianta 2-5 | Sult na Sollán | | |
| Ag brath ar mhaoiniú ó CCCD, soláthrófar ranganna saor in aisce do thuismitheoirí. | Blianta 1-5 | Leabharlanna áitiúla | |  |
| Ag brath ar mhaoiniú, cuirfear ranganna Gaeilge ar fáil d'fhostaithe de chuid Chomhairle Contae Chill Dara gach bliain. | Blianta 1-5 | CCCD | |  |
| Cruthófar rannán ar www.sultnasollan.ie chun deiseanna foghlama a sholáthar do dhaoine fásta. | Blianta 1-5 | Sult na Sollán | |  |
| Soláthróidh scoileanna áitiúla deiseanna foghlama, ar a n-áirítear deiseanna ar líne, chun an Ghaeilge a fhoghlaim. | Blianta 2-5 | Sult na Sollán & Scoileanna áitiúla | | |
| Gach bliain soláthrófar deis nua amháin chun scil, nach mbaineann leis an nGaeilge, a fhoghlaim/a fheabhsú trí mheán na Gaeilge m.sh. Pilates. Má fhostaítear Oifigeach Gaeilge lánaimseartha, eagróidh sé/sí níos mó ná deis amháin dá leithéid seo. | Blianta 1-5 | Sult na Sollán | |  |
| Poiblíocht a dhéanamh ar chiorcail chomhrá áitiúla i nuachtlitreacha, ar na meáin shóisialta agus ar www.sultnasollan.ie. | Blianta 1-5 | Sult na Sollán | |  |
| Gaol a chothú leosan a sholáthraíonn cúrsaí/eispéiris chónaithe Gaeltachta agus lascaine a fháil do chomhaltaí Sult na Sollán. | Blianta 1-5 | Sult na Sollán | |  |
| Eolas faoi chúrsaí/eispéiris chónaithe Gaeltachta a dháileadh i nuachtlitreacha, ar na meáin shóisialta agus ar www.sultnasollan.ie. | Blianta 1-5 | Sult na Sollán | |  |

**EOCHAIR EOLAIS:** = stádas; = deiseanna labhartha; = deiseanna foghlama; = feiceálacht; = fostaí lánaimseartha











## 12.7 GRÚPAÍ POBAIL AR A N-ÁIRÍTEAR GRÚPAÍ ÓIGE


Lárionad a bhunú ina mbeadh daoine in ann eolas a fháil faoi ghrúpaí pobail a sholáthraíonn deiseanna Gaeilge.

| GRÚPA | TRÉIMSE AMA | ÚINÉIR | SNÁITHE | MÁRTA 2023 |
|---|---|---|---|---|
| Beidh daltaí ó scoileanna Béarla mar bhaill ag Ógras i nGaelcholáiste Chill Dara. | Blianta 1-5 | GCCD | |  |
| Cuirfidh gasóga an Ghaeilge chun cinn mar chomaoin chun suaitheantas 'sainspéise' a ghnóthú. | Blianta 1-5 | Gasóga Nás na Ríogh<br>Gasóga na Sollán | |  |
| Cinnteoidh Bailte Slachtmhara na Sollán go mbeidh an Ghaeilge ar aon chomharthaíocht feasta. | Blianta 1-5 | Na Bailte Slachtmhara -Na Solláin | |  |
| Úsáidfidh Bailte Slachtmhara Nás na Ríogh an Ghaeilge ar chomharthaíocht, dála buan-chlocha fáilte agus ar na comharthaí ar a gcuid comharthaí Glasbhealaigh uile. Beidh dhá chloch nua ar Bhóthar an Droichid Nua agus ar Bhóthar Chill Chuilinn agus trí chomhartha Glasbhealaigh ag Caladh Nás na Ríogh, Páirc Mhóin Réad agus ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath. Tá an tionscadal le bheith críochnaithe faoi mhí Bealtaine 2019. | Blianta 1-2 | Na Bailte Slachtmhara – Nás na Ríogh | |  |
| Déanfar iarracht roinnt Gaeilge a thabhairt isteach sa chomharthaíocht agus ag rannpháirtithe áirithe san Fhéile Bia Fiáin i Nás na Ríogh. | Blianta 1-5 | Na Bailte Slachtmhara – Nás na Ríogh | | |
| Tomhas a dhéanamh ar chaighdeán an aeir i Nás na Ríogh agus na torthaí a fhoilsiú i nGaeilge agus i mBéarla. | Blianta 1-5 | Na Bailte Slachtmhara – Nás na Ríogh | | |
| Léarscáil a chruthú de na crainn dúchasacha m.sh. cén áit i Nás na Ríogh inár féidir teacht ar an gCrann Dara. Foilseofar é seo ar líne i nGaeilge agus i mBéarla. | Blianta 1-5 | Na Bailte Slachtmhara – Nás na Ríogh | | |
| Iarrfar ar cheann de na scoileanna a reáchtálann mionchuideachtaí, dála cártaí Nollag a phriontáil, ábhar in-athchúrsáilte agus an Ghaeilge a úsáid. | Blianta 1-5 | Na Bailte Slachtmhara – Nás na Ríogh | | |
| Bunóidh Comhaltas Chill Chéile/Bhaile Éide Coiste Gaeilge. | Blianta 1-5 | Comhaltas Chill Chéile/Bhaile Éide | |  |
| Ó mhí Mheán Fómhair 2018 ar aghaidh beidh ciorcal comhrá Gaeilge ar siúl gach tráthnóna Luain i gCill Chéile an fhaid is atá ranganna ceoil ar siúl. | Blianta 1-5 | Comhaltas Chill Chéile/Bhaile Éide | |  |


EOCHAIR EOLAIS: = stádas; = deiseanna labhartha; = deiseanna foghlama; = feiceálacht; = fostaí lánaimseartha











| GRÚPA | TRÉIMSE AMA | SNÁITHE | SNÁITHE | MÁRTA 2023 |
|---|---|---|---|---|
| Beidh roinnt Gaeilge cuimsithe i gcomharthaíocht/fógráin uile Chomhaltas Chill Chéile/Bhaile Éide. | Blianta 1-5 | Comhaltas Chill Chéile/Bhaile Éide | |  |
| Cothóidh Comhaltas Chill Chéile/Bhaile Éide úsáid na Gaeilge ina gcuid ranganna agus imeachtaí uile. | Blianta 1-5 | Comhaltas Chill Chéile/Bhaile Éide | |  |
| Nuair a bheidh Fleadh Chill Dara ar siúl i Nás na Ríogh i 2019 beidh an Ghaeilge sofheicthe san ábhar poiblíochta agus ar an gcomharthaíocht. Beidh seomra Gaeilge ann freisin ina mbeidh eolas agus áiseanna do dhaoine ar mian leo eolas a fháil faoin teanga. | Bliain 1 | Comhaltas Chill Chéile/Bhaile Éide | |  |
| Tabharfaidh Comhaltas Chill Dara cuairt ar na scoileanna áitiúla lena spreagadh le páirt a ghlacadh sa chomórtas *Comhrá Gaeilge.* | Blianta 1-5 | Comhaltas Chill Chéile/Bhaile Éide | |  |
| Eagrófar Pop up Gaeltacht ag an am céanna le seisiún ceoil mar chuid de Fhleadh Chill Dara i Nás na Ríogh agus déanfaidh idir Chomhaltas Ceoltóirí agus Shult na Sollán poiblíocht air. | Bliain 1 | Comhaltas Chill Chéile/Bhaile Éide<br><br>Sult na Sollán | |  |
| Beidh aifreann i nGaeilge/dátheangach i Nás na Ríogh ar bhonn seachtainiúil. | Blianta 1-5 | Paróiste Nás na Ríogh | |  |
| Beidh cártaí aifrinn i nGaeilge ar fáil le ceannach ó Oifig an Pharóiste i Nás na Ríogh. | Blianta 1-5 | Oifig Pharóiste Nás na Ríogh | |  |
| Má fhostaítear Oifigeach Gaeilge lánaimseartha, beidh sé/sí ar fáil do chlubanna/do ghrúpaí áitiúla ar mian leo níos mó Gaeilge a úsáid, ach a dteastaíonn tacaíocht uathu leis sin a dhéanamh. Is féidir gur cuairt leis an gcoiste le bealaí chun níos mó Gaeilge a úsáid a fhiosrú a bheadh i gceist leis an tacaíocht sin, nó tacaíocht aistriúcháin nó tacaíocht ar bith eile a bheadh praiticiúil agus feiliúnach. | Blianta 1-5 | Sult na Sollán | |  |

| SPÓRT | TRÉIMSE AMA | SNÁITHE | SNÁITHE | MÁRTA 2023 |
|---|---|---|---|---|
| Má fhostaítear Oifigeach Gaeilge lánaimseartha, beidh sé/sí ar fáil do ghrúpaí áitiúla spóirt ar mian leo níos mó Gaeilge a úsáid, ach a dteastaíonn tacaíocht uathu leis sin a dhéanamh. Is féidir gur cuairt leis an gcoiste le bealaí chun níos mó Gaeilge a úsáid a fhiosrú a bheadh i gceist leis an tacaíocht sin, nó tacaíocht aistriúcháin nó tacaíocht ar bith eile a bheadh praiticiúil agus feiliúnach. | Blianta 2-5 | Sult na Sollán | |  |


**EOCHAIR EOLAIS:** = stádas; = deiseanna labhartha; = deiseanna foghlama; = feiceálacht; = fostaí lánaimseartha



## 12.7 GRÚPAÍ POBAIL AR A N-ÁIRÍTEAR GRÚPAÍ ÓIGE

| SPÓRT | TRÉIMSE AMA | ÚINÉIR | SNÁITHE | MÁRTA 2023 |
|---|---|---|---|---|
| Rachaidh Sult na Sollán i dteagmháil le clubanna CLG i gCeantar Bardasach Nás na Ríogh le súil go n-ainmneoidh gach club Oifigeach Gaeilge. | Blianta 1-5 | Sult na Sollán | |  |
| Rachaidh Sult na Sollán i dteagmháil le CLG Chill Dara le súil go mbeidh siad in ann cur i láthair faoin nGaeilge a thabhairt do bhord an chontae. | Blianta 2-5 | Sult na Sollán | |  |
| Rachaidh Sult na Sollán i dteagmháil le CLG Chill Dara chun iarraidh orthu go mbeadh gach comharthaíocht dátheangach nó i nGaeilge amháin ar láthair imeartha athfhorbartha an chontae, Páirc Chonlao Naofa. | Blianta 1-5 | Sult na Sollán | | |
| Beidh CLG Nás na Ríogh tar éis glacadh leis an bpolasaí go mbeidh an Ghaeilge ar gach comharthaíocht bhuan nua agus go mbeidh an Ghaeilge ar a laghad chomh feiceálach le haon fhoclaíocht Bhéarla. | Blianta 2-5 | CLG Nás na Ríogh | |  |
| Bainfidh CLG Nás na Ríogh úsáid as ceannteidil dhátheangacha i miontuairiscí cruinnithe oifigiúla. | Blianta 1-5 | CLG Nás na Ríogh | |  |
| Eagrófar cluiche/blitz i nGaeilge uair amháin sa bhliain agus gach club, ar spéis leo a bheith páirteach inti. | Blianta 4-5 | Sult na Sollán | |  |
| Eagróidh CLG Nás na Ríogh ar a laghad dhá imeacht Gaeilge (m.sh. Pop up Gaeltacht, Tráth na gCeist) gach bliain. | Blianta 1-5 | CLG Nás na Ríogh | |  |
| Féachfaidh Oifigigh Ghaeilge ainmnithe ó na clubanna leis an ngaol atá acu le hOifigigh Ghaeilge i gclubanna eile a fheabhsú. | Blianta 1-5 | CLG Nás na Ríogh | |  |
| Rachaidh Oifigeach Gaeilge CLG Nás na Ríogh i gcomhar le hOifigigh Ghaeilge eile sa chontae le cinntiú go mbeidh comharthaíocht dhátheangach i gceist san fhorbairt atá beartaithe ar pháirc imeartha an chontae. | Blianta 1-5 | CLG Nás na Ríogh | |  |
| Tá sé beartaithe ag CLG na Sollán Oifigeach Gaeilge a cheapadh sa chumann, nó go hidéalach coiste beag de bheirt nó triúr mar chuid de choiste Scór. | Blianta 2-5 | CLG na Sollán | |  |
| Cuirfidh CLG na Sollán úsáid an 'chúpla focal' chun cinn ag imeachtaí oifigiúla de chuid CLG na Sollán (m.sh. imeachtaí tiomsaithe airgid, imeachtaí bronnta gradam, srl.) | Blianta 2-5 | CLG na Sollán | |  |






**EOCHAIR EOLAIS:** = stádas; = deiseanna labhartha; = deiseanna foghlama; = feiceálacht; = fostaí lánaimseartha



*Nóta: Féach ar aguisín 14 chun sonraí dul chun cinn CLG na Sollán a fheiceáil.




## 12.7 GRÚPAÍ POBAIL AR A N-ÁIRÍTEAR GRÚPAÍ ÓIGE







| SPÓRT | TRÉIMSE AMA | ÚINÉIR | SNÁITHE | MÁRTA 2023 |
|---|---|---|---|---|
| Cuirfidh CLG na Sollán úsáid an 'chúpla focal' chun cinn i gcomhfhreagras agus ar na meáin shóisialta. | Blianta 2-5 | CLG na Sollán | |  |
| Forbróidh Oifigigh Ghaeilge CLG na Sollán agus CLG Nás na Ríogh caidreamh ar mhaithe le comhoibriú/deiseanna a fhiosrú/smaointe a roinnt maidir le húsáid agus cur chun cinn na Gaeilge. | Blianta 3-5 | CLG na Sollán<br>CLG Nás na Ríogh | |  |
| Déanfaidh CLG na Sollán imeacht cultúrtha amháin ar a laghad a phleanáil in aghaidh na bliana. D'fhéadfaí é seo a eagrú i gcomhar le Sult na Sollán agus d'fhéadfaí é a úsáid le hairgead a thiomsú freisin (m.sh. oíche damhsa seit, oíche amhránaíochta, tráth na gceist dátheangach). | Blianta 3-5 | CLG na Sollán<br>Sult na Sollán | |  |
| Tá forbairt nua ar an gclubtheach beartaithe ag CLG na Sollán ina mbeidh seomra nó áis faoi leith do Scór agus d'imeachtaí cultúrtha eile chun an Ghaeilge, ceol Gaelach agus damhsa Gaelach a chur chun cinn. Tá ról lárnach ag an CLG i saol cultúrtha na hÉireann agus tá sé mar fhís ag CLG na Sollán go bhféadfar na háiseanna nua a úsáid chun oidhreacht agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn agus cur isteach ar an gcomórtas Scór agus, ar deireadh, dul san iomaíocht ag imeachtaí Scór. | Blianta 4-5 | CLG na Sollán<br>Sult na Sollán | | |
| Reáchtálfaidh CLG Cheárach ciorcal comhrá ar bhonn míosúil. | Bliain 1 | CLG Cheárach | |  |
| Eagrófar Tráth na gCeist dátheangach idirchlub le foirne ó chlubanna spóirt áitiúla. | Blianta 1-5 | Sult na Sollán | |  |

| LÍONRA TEANGA NA BHFÁGÁLAITHE SCOILE | TRÉIMSE AMA | ÚINÉIR | SNÁITHE | MÁRTA 2023 |
|---|---|---|---|---|
| Bunófar líonra d'fhágálaithe scoile chun imeachtaí sóisialta rialta a eagrú trí mheán na Gaeilge (Coiste Pop up Gaeltacht). | Blianta 1-5 | Sult na Sollán | |  |
| Cuirfear fáilte roimh fhágálaithe scoile ar mian leo bheith níos gníomhaí i gcur chun cinn na Gaeilge sa dúiche agus spreagfar iad chun bheith bainteach le tionscadal nó coiste teanga amháin ar a laghad. | Blianta 1-5 | Sult na Sollán | |  |


**EOCHAIR EOLAIS:** = stádas; = deiseanna labhartha; = deiseanna foghlama; = feiceálacht; = fostaí lánaimseartha





## 12.8 SEIRBHÍSÍ POIBLÍ

| | TRÉIMSE AMA | ÚINÉIR | SNÁITHE | MÁRTA 2023 |
|---|---|---|---|---|
| Fáil amach cé atá freagrach as seirbhísí i nGaeilge a sholáthar i ngach ceann díobh seo a leanas: Comhairle Contae Chill Dara, FSS, An Garda Síochana, an Oifig Mótarchánach, leabharlanna, seirbhísí Faisnéise do Shaoránaigh. Má fhostaítear Oifigeach Gaeilge lánaimseartha, déanfar é seo i mBliain 1. | Blianta 2-3 | Sult na Sollán | | |
| Fáil amach cad iad na seirbhísí poiblí a bhfuil fáil orthu i nGaeilge. Má fhostaítear Oifigeach Gaeilge lánaimseartha, cuirfidh sé/sí an t-eolas seo le chéile ar bhealach níos éifeachtaí mar go mbeidh sé/sí in ann freastal ar chruinnithe le linn an lae oibre. | Blianta 2-3 | Sult na Sollán | | |
| Seirbhísí i nGaeilge a fhógairt ar www.sultnasollan.ie, cilldaralegaeilge.ie, www.kildare.ie agus ar mheáin dhigiteacha, chraolta nó chlóite fheiliúnacha eile. Má fhostaítear Oifigeach Gaeilge lánaimseartha, beidh ról lárnach aige/aici i bpoiblíocht a dhéanamh ar na seirbhísí seo. | Blianta 2-5 | Sult na Sollán<br>Cill Dara le Gaeilge | | |
| Eagróidh An Garda Síochána lá oscailte dátheangaigh sa stáisiún ag a mbronnfaí, b'fhéidir, suaitheantaisí sainspéise Gaeilge ar Ghasóga. | Bliain1 | An Garda Síochána | |  |
| Díreoidh An Garda Síochána ar chlinic míosúil Gaeilge a eagrú ag a mbeidh Gaeilgeoirí agus foghlaimeoirí in ann gnó neamh-éigeandála a dhéanamh trí Ghaeilge. | Blianta 1-5 | Póilíneacht Phobail Nás na Ríogh | |  |
| Eagróidh na príomh-leabharlanna go léir ciorcal comhrá rialta. | Blianta 1-5 | Leabharlanna áitiúla | |  |
| Tabharfar tacaíocht agus spreagadh do na leabharlanna go léir chun leibhéal áirithe seirbhíse a chur ar fáil trí Ghaeilge. | Blianta 1-5 | Leabharlanna áitiúla | |  |
| Féachfaidh na leabharlanna uile le cur lena mbailiúcháin de leabhair Ghaeilge. | Blianta 1-5 | Leabharlanna áitiúla | |  |
| Cuimseoidh gach féile (m.sh. Féile Léitheoirí Chill Dara) ar a laghad imeacht amháin i nGaeilge. | Blianta 1-5 | Leabharlanna áitiúla | |  |

**EOCHAIR EOLAIS:** = stádas; = deiseanna labhartha; = deiseanna foghlama; = feiceálacht; = fostaí lánaimseartha





## 12.8 SEIRBHÍSÍ POIBLÍ


| | TRÉIMSE AMA | ÚINÉIR | SNÁITHE | MÁRTA 2023 |
|---|---|---|---|---|
| Eagrófar imeacht saor-in-aisce do thuismitheoirí agus do thuismitheoirí ionchasacha faoi thógáil pháistí trí mheán na Gaeilge agus faoi na buntáistí a ghabhann leis an dátheangachas. | Bliain 1 | Leabharlann Chill Dara, Sult na Sollán, Glór na nGael | |  |
| Beidh cur i láthair ag CCB thuismitheoirí Ghaelscoil Nás na Riogh chun iad a spreagadh le leas a bhaint as na seirbhísí atá ar fáil. | Blianta 1-5 | Sult na Sollán | |  |
| Eagrófar feachtas feasachta le daltaí dara leibhéil faoi na seirbhísí Gaeilge atá ann agus faoin gceart atá acu leas a bhaint as seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge. | Blianta 1-5 | Gaelcholáiste Chill Dara | |  |

(Tá teacht ar liosta leabharlanna i gContae Chill Dara in Aguisín 10)








## 12.9 LÍONRÚ LE POBAIL GHAEILGE EILE

| | TRÉIMSE AMA | ÚINÉIR | SNÁITHE | MÁRTA 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Cuairt thar oíche amháin ar a laghad a eagrú ar cheantar Gaeltachta a mbeidh sé de sprioc aige go roinnfear eispéiris shóisialta agus chultúrtha chomh maith dea-chleachtas ó thaobh na pleanála teanga don Ghaeilge. | Blianta 2-5 | Sult na Sollán | |  |
| Cuairt thar oíche amháin ar a laghad a eagrú ar Líonra Gaeilge a mbeidh sé de sprioc aige go roinnfear eispéiris shóisialta agus chultúrtha chomh maith dea-chleachtas ó thaobh na pleanála teanga don Ghaeilge. | Blianta 2-5 | Sult na Sollán | |  |
| Cuireadh a thabhairt do ghrúpa pobail ón nGaeltacht cuairt a thabhairt ar cheantar Nás na Ríogh/na Sollán. Eagrófar sraith imeachtaí cultúrtha a fheilfidh don ghrúpa a bheidh ag teacht ar cuairt. | Blianta 3-5 | Sult na Sollán | | |
| Cuireadh a thabhairt do phobal ó Líonra Gaeilge cuairt a thabhairt ar cheantar Nás na Ríogh/na Sollán. Eagrófar sraith imeachtaí cultúrtha a fheilfidh don ghrúpa a bheidh ag teacht ar cuairt. | Blianta 3-5 | Sult na Sollán | | |

**EOCHAIR EOLAIS:** = stádas; = deiseanna labhartha; = deiseanna foghlama; = feiceálacht; = fostaí lánaimseartha





## 12.10 POIBLÍOCHT AGUS FEASACHT

| POIBLÍOCHT | TRÉIMSE AMA | ÚINÉIR | SNÁITHE | MÁRTA 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Oibreoidh grúpaí áitiúla, atá ag eagrú imeachtaí Gaeilge áitiúla, níos dlúithe le chéile chun imeachtaí a chéile a phoibliú – mar shampla, imeachtaí a chéile a roinnt ar na meáin shóisialta, nuachtlitreacha, teachtaireachtaí ar WhatsApp. | Blianta 1-5 | Sult na Sollán, Comhaltas, CLG, CDLG | |  |
| Gaol le tionchar ar ghrúpaí náisiúnta chun imeachtaí Gaeilge a chur chun cinn. | Blianta 1-5 | Sult na Sollán | |  |
| Fógrófar imeachtaí Gaeilge gach ráithe sna meáin áitiúla. | Blianta 1-2 | Sult na Sollán | |  |
| Má fhostaítear Oifigeach Gaeilge lánaimseartha, eagróidh sé/sí poiblíocht mhíosúil sna meáin áitiúla agus beidh sé/sí ar fáil d'agallaimh. | Blianta 3-5 | Sult na Sollán | |  |
| Déanfar suíomh gréasáin Sult na Sollán a mhéadú agus a thabhairt suas chun dáta chun cartlann agus naisc le níos mó imeachtaí Gaeilge, a bhíonn á n-eagrú ag dreamanna eile, a chuimsiú.<br>Má fhostaítear Oifigeach Gaeilge lánaimseartha, is é/í a bheidh freagrach as a chinntiú go gcoinnítear an suíomh gréasáin cothrom le dáta agus go n-úsáidtear é chun poiblíocht a dhéanamh ar imeachtaí áitiúla Gaeilge agus cultúrtha. | Blianta 1-5 | Sult na Sollán | |  |
| Leanfar de bheith ag leathnú na húsáide a bhainfear as na meáin shóisialta chun imeachtaí agus acmhainní a phoibliú m.sh. Facebook, Twitter, Meetup, Instagram, Flickr, YouTube. | Blianta 1-5 | Sult na Sollán | |  |
| Eagrófar feachtas bliantúil chun úsáid ghreamáin ghluaisteáin Chill Dara le Gaeilge a leathnú.<br>Má fhostaítear Oifigeach Gaeilge lánaimseartha, leathnóidh sé/sí an feachtas feasachta amach chun scoileanna áitiúla a thabhairt san áireamh. | Blianta 1-5 | CDLG | |  |
| Úsáidfear meirgí agus cláir rocacha móra chun infheictheacht agus eolas faoi imeachtaí Gaeilge a leathnú. | Blianta 1-5 | Sult na Sollán | |  |


## 12.10 POIBLÍOCHT AGUS FEASACHT

| POIBLÍOCHT | TRÉIMSE AMA | ÚINÉIR | SNÁITHE | MÁRTA 2023 |
|---|---|---|---|---|
| Aithneofar duine i ngach scoil áitiúil a fheidhmeoidh mar nasc chun dáileadh eolais faoi phoibliú imeachtaí agus gníomhaíochtaí Gaeilge a chomhordú.<br>Má fhostaítear Oifigeach Gaeilge lánaimseartha, oibreoidh sé/sí leis na daoine seo agus beidh sé/sí ina c(h)uidiú dóibh agus imeachtaí Gaeilge á bpleanáil. | Blianta 2-5 | Sult na Sollán | | |
| Cur le húsáid nuachtlitreacha scoileanna áitiúla chun imeachtaí Gaeilge a phoibliú. | Blianta 1-5 | Sult na Sollán | |  |

## 12.11 AN PLEAN TEANGA MAR DHOICIMÉAD ‘BEO’

| | TRÉIMSE AMA | ÚINÉIR | SNÁITHE | MÁRTA 2023 |
|---|---|---|---|---|
| Eagrófar cruinniú poiblí, *Meitheal Chill Dara*, gach bliain chun eolas a roinnt agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn. | Blianta 1-5 | Sult na Sollán | |  |
| Molfar do gach grúpa ar leith a n-athbhreithniú féin a dhéanamh roimh an athbhreithniú poiblí.<br>Má fhostaítear Oifigeach Gaeilge lánaimseartha, beidh sé/sí ar fáil le cuidiú leis na hathbhreithnithe seo. | Blianta 1-5 | | | |
| Beidh aon athbhreithniú/nuashonrú le fáil ar www.sultnasollan.ie | Blianta 2-5 | Sult na Sollán | |  |

**EOCHAIR EOLAIS: = stádas; = deiseanna labhartha; = deiseanna foghlama; = feiceálacht; = fostaí lánaimseartha**



# 13. Cur i bhfeidhm an Plean Teanga do cheantar bardasach Nás na Ríogh

## 13.1 FOIREANN PLEANÁLA

Is Coiste na Gaeilge Sult na Sollán atá ag comhordú an phlean teanga seo. Ní haon áibhéil é agus a rá nach bhfuil ar siúl ag comhaltaí an choiste ach an tsárobair a rinne iliomad grúpaí agus daoine aonaracha a bhailiú le chéile is a chur ar taifead.

Déanfaidh an fhoireann pleanála an dul chun cinn a athbhreithniú gach sé mhí. Eagróidh an fhoireann pleanála cruinniú poiblí uair sa bhliain i mí Feabhra ag ócáid darbh ainm Meitheal Chill Dara, le cinntiú go bhfuil an próiseas pleanála teanga trédhearcach agus ionchuimsitheach. Is féidir feabhas a chur ar an gcáipéis bheo seo agus é bunaithe ar ionchur ó na cruinnithe seo. Foilseofar na sonraí ar fad ag www.sultnasollan.ie/gaeilge.

Más spéis leat páirt a ghlacadh agus ról gníomhach a bheith agat ar an bhfoireann pleanála, is féidir leat ríomhphost a sheoladh chuig gaeilge@sultnasollan.ie chun do spéis a léiriú.

## 13.2 PLEAN FEIDHMIÚCHÁIN

Tá na spriocanna ceaptha ar shlí go mbeidh raon grúpaí freagrach astu. Tá sé bunriachtanach go mbeadh ainmneacha againn le dul leis na freagrachtaí agus na gníomhaíochtaí ar fad. Beidh na seansanna go bainfear amach na spriocanna seo ag braith ar chumarsáid rialta a bheith idir an fhoireann pleanála agus na daoine seo atá ainmnithe. Tacú le hiarrachtaí chun na spriocanna a bhaint amach a bheidh mar phríomhchuspóir ag an gcumarsáid seo.

## 13.3 CRITÉIR RATHA DO CHEANTAR BARDASACH NÁS NA RÍOGH

Áireofar rath a bheith ar an bplean:

- Tríd Nás na Ríogh/na Solláin a bheith aitheanta mar Líonra Gaeilge.
- Ardú ar chéatadán na gcainteoirí laethúla agus na gcainteoirí seachtainiúla Gaeilge le chéile (taobh amuigh den chóras oideachais) i bhfigiúirí dhaonáireamh 2021 i gcomparáid le figiúirí dhaonáireamh 2016.
- Beidh ar a laghad duine amháin fostaithe ar bhonn lánaimseartha i gceantar Nás na Ríogh/Na Sollán chun an Ghaeilge a chur chun cinn.
- Taobh le gach sprioc tá fráma ama ag dul leis. Rinne an fhoireann pleanála iarracht spriocanna uaillmhianacha a leagan amach ach iad a bheith insroichte. Má bhainimid amach 70% de na spriocanna sa phlean, áireoimid go raibh rath air.
- Ag deireadh na tréimhse cúig bliana, beidh gaol bunaithe ag an grúpa pleanála i gceantar bardasach Nás na Ríogh le grúpa amháin eile ar a laghad a bheidh ag cur chun cinn na Gaeilge i gceantar bardasach amháin eile i gContae Chill Dara.





# ROINN 3.2
# Ceantar Bardasach Áth Í

**Díríonn an chéad leagan den phlean ar cheantar bardasach Nás na Ríogh. Eagrófar sraith cruinnithe sna ceantair bhardasacha eile i gContae Chill Dara tar éis seoladh an phlean seo i mí Feabhra 2019, más mian le grúpaí áitiúla iad a eascrú. Tá sé i gceist ag foireann pleanála na doiciméid seo, a gcuid taithí go dtí seo a roinnt ag na cruinnithe, agus go mbeidh an t-eolas seo ina chabhair do na ceantair bhardasacha eile a bplean féin a chur le chéile. Táthar ag súil go gcuirfidh siad le leaganacha nua de phlean teanga an chontae ina dhiaidh seo.**

**Coinníodh an chuid seo do Cheantair Bardasacha Áth Í.**



# ROINN 3.3
# Ceantar Bardasach Chill Droichid / Léim an Bhradáin

Díríonn an chéad leagan den phlean ar cheantar bardasach Nás na Ríogh. Eagrófar sraith cruinnithe sna ceantair bhardasacha eile i gContae Chill Dara tar éis seoladh an phlean seo i mí Feabhra 2019, más mian le grúpaí áitiúla iad a eascrú. Tá sé i gceist ag foireann pleanála na doiciméid seo, a gcuid taithí go dtí seo a roinnt ag na cruinnithe, agus go mbeidh an t-eolas seo ina chabhair do na ceantair bhardasacha eile a bplean féin a chur le chéile. Táthar ag súil go gcuirfidh siad le leaganacha nua de phlean teanga an chontae ina dhiaidh seo.

Coinníodh an chuid seo do Cheantair Bardasacha Chill Droichid / Léim an Bhradáin



# ROINN 3.4
# Ceantar Bardasach Chill Dara / An Droichead Nua

Díríonn an chéad leagan den phlean ar cheantar bardasach Nás na Ríogh. Eagrófar sraith cruinnithe sna ceantair bhardasacha eile i gContae Chill Dara tar éis seoladh an phlean seo i mí Feabhra 2019, más mian le grúpaí áitiúla iad a eascrú. Tá sé i gceist ag foireann pleanála na doiciméid seo, a gcuid taithí go dtí seo a roinnt ag na cruinnithe, agus go mbeidh an t-eolas seo ina chabhair do na ceantair bhardasacha eile a bplean féin a chur le chéile. Táthar ag súil go gcuirfidh siad le leaganacha nua de phlean teanga an chontae ina dhiaidh seo.

Coinníodh an chuid seo do Cheantair Bardasacha Chill Dara / An Droichead Nua




# ROINN 3.5 Ceantar Bardasach Mhaigh Nuad

**Cuireadh Roinn Cheantair Bardasacha Mhaigh Nuad leis an bplean i 2021.**

**Plean Gaeilge do Cheantar Bardasach Mhaigh Nuad - Meitheamh 2021**

DAONÁIREAMH 2016 i gceantar bardasach Mhaigh Nuad tá roinnt lonnaíochtaí ar bailte iad:

Baile na Droimne *Ballynadrumney*

Bairrín *Balraheen*

Baile Mhic Ádaim *Cadamstown*

Cairbre *Carbury*

An Charraig *Carrick*

Claonadh *Clane*

Cluain Conaire *Cloncurry*

Domhnach Dheá *Donadea*

Dún Ing *Downings*

An Droichead *Drehid*

Dún Firchirt *Dunfierth*

Cill Choca *Kilcock*

Cill Phádraig *Kilpatrick*

Maigh Nuad *Maynooth*

Teach Strafáin *Straffan*

Tigh Mochua *Timahoe*

Crois an Mhuilinn Ghaoithe *Windmill Cross*

DEISEANNA Ó THAOBH NA GAEILGE DE I GCEANTAR BARDASACH MHAIGH NUAD SA LÁ ATÁ INNIU ANN

**1. Oideachas**.

Bunaíodh Gaelscoil Uí Fhiaich i 1996. Is scoil chaitliceach í faoi phátrúnacht an Easpaigh Bunaíodh Gaelscoil Ruairí i 2019. Is scoil ilchreidmheach í faoi phátrúnacht An Fhorais Pátrúnachta.Is Gaelcholáiste nua-bhunaithe é Gaelcholáiste Mhaigh Nuad a osclaíodh don scoilbhliain 2020-2021. Coláiste lán-Ghaeilge meascaithe é faoi phatrúnacht Bhord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara/Chill Mhantáin. Tá an Ghaeilge á múineadh in Ollscoil Maigh Nuad le breis agus dhá cheád bliain anuas, agus tá comhluadar gníomhach Gaeilge ann i gcónaí. 'Sé Cuallacht Cholmcille, a fheidhmíonn san ollscoil, an Cumann Gaelach is sine sa tír. Reachtálann Coláiste Naomh Eoin cúrsaí samhraidh san ollscoil gach bliain

**2. Eagraíochtaí.**

Tá craobh de *Chonradh na Gaeilge*, Craobh Chrom Abú, ag feidhmiú i Maigh Nuad le fada, maraon le coistí *Glór na nGael.* Eagraítear comórtais idir eastáít tithíochta, siopaí áitiúla agus eile chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Glacann an cumann áitiúil den *Chumann Lúthchleas Gael* páirt i Scór gach bliain agus tá siad ag fiosrú faoi chlárú i bhFondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha. Tá craobh láidir de *Chomhaltas Ceoltóirí Éireann* ag feidhmiú sa cheantar agus eagraítear go leor ócáidí chun an cultúr dúchasach Éireannach a chéiliúradh.Bíonn oíche comhrá is siamsaíocht i gcomhphairtíocht le Cuallacht Cholmcille gach Máirt i dTeach Brady nó i dTeach Uí Néil. Tá comharthaíocht dátheangach ar fud an bhaile de bharr, ag éirí as comhoibriú idir *Coiste na mBailte Slachtmhara*, Craobh Chrom Ábú agus *Comhairle Chondae Chill Dara.* Eagraíonn *Leabharlann Mhaigh Nuad* ciorcal comhrá Gaeilge ar bhonn seachatainiúil

Ag deireadh na bliana 2020 bunaíodh *Gaeilge Nuada* chun comhordú a éascú idir na grúpaí seo ar fad agus dreamanna eile atá ag cur na Gaeilge chun cinn i Maigh Nuad le fada.

3. **Príomhaidhmeanna do cheantar bardasach Mhaigh Nuad le linn na cúig bliana amach romhainn**

Aithníodh na príomhaidhmeanna seo a leanas agus d'fhoirmigh siad treo na straitéise seo:

- Aithneofar Maigh Nuad mar cheantar ina bhfuil an Ghaeilge ag fás mar theanga bheo
- Léirigh torthaí an Daonáirimh Náisiúnta 2016 go raibh 2,161 cainteoirí a labhraíonn Gaeilge go laethúil nó go seachtainiúil, níos mó ná in aon cheantar bardasach eile i gCill Dara. Tá sé mar aidhm againn go mbeidh ardú 5% ar líon na gcainteoirí laethúla agus seachtainiúla Gaeilge le feiceáil sa chéad daonáireamh eile i gcomparáid le Daonáireamh 2016.

• Beidh ar a laghad duine amháin fostaithe i gceantar Chill Dara chun an Ghaeilge a chur chun cinn.

• Beidh tús maith curtha leis an bpróiseas fiosrúcháin faoi chultúrlann do Mhaigh Nuad

4. **Croíphrionsabail do cheantar bardasach Mhaigh Nuad**

Tá na lárphrionsabail seo a leanas aitheanta againn mar nithe tábhachtacha chun ár bpríomhaidhmeanna a bhaint amach:

• Daoine ar mian leo tosú nó leanúint leis an nGaeilge a bheith mar phríomhtheanga baile acu a aithint agus tacú leo.

• Gaol láidir, inbhuanaithe idir institiúidí Gaeilge agus an pobal áitiúil Gaeilge a thógáil.

• Nasc a dhéanamh le pobail Ghaeltachta agus saibhreas na Gaeltachta a thabhairt isteach inár ndúiche.

• Nasc a dhéanamh le Líonra Gaeilge amháin eile ar a laghad.

• Deiseanna oideachais ar gach leibhéala sholáthar d'fhoghlaimeoirí Gaeilge.

• Cainteoirí óga Gaeilge a chur ag eagrú imeachtaí is á reáchtáil.

• Pobal níos leithne a mhealladh chun dúil a chur sa Ghaeilge agus iad a bheith gníomhach oiread agus is féidir; féachfaimid leis an nGaeilge a chur chun cinn i gcomhthéacs gach gné den saol laethúil chomh maith leis an gcultúr traidisiúnta Gaelach

• Gaol éifeachtach agus comhthairbheach a thógail le heagraíochtaí náisiúnta a chuireann an Ghaeilge chun cinn.

• Infheictheacht na Gaeilge ar chomharthaí poiblí, ar chomharthaíocht eile agus sna meáin a fheabhsú.

• Rath/éifeacht an phlean seo a athbhreithniú ar bhonn leanúnach, ar anáirítear ar a laghad comhairliúchán poiblí amháin sa bhliain.

• Ceantar Maigh Nuad a chur chun cinn mar áit mhealltach le clann a thógáil trí Ghaeilge.

5. **Réimsí Gníomhaíochta do cheantar bardasach Mhaigh Nuad**

AN GHAEILGE SA TEAGHLACH

• Cabhair agus tacaíocht a chur ar fáil do theaghlaigh atá ag tógáil clainne le Gaeilge

• Imeachtaí agus gníomhaíochtaí teaghlaigh trí Ghaeilge a eagrú taobh amuigh de thimpeallacht na scoile

• Seirbhísí tacaíochta Gaeilge a chur chun cinn maille le leabhair/cluichí/éadaí etc.

• Feasacht a mhúscailt faoi na buntáistí a ghabhann le páistí a thógáil le Gaeilge trí eolas a sholáthar chomh luath agus is féidir

AN GHAEILGE SA PHOBAL

• An Ghaeilge a chur chun cinn ag féilte agus aontaí áitiúla

• Comhoibriú le Comhairle Contae Chill Dara le cinntiú go mbíonn an Ghaeilge ar gach

comharthaíocht phoiblí agus go mbíonn sí ag teacht le forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

• Úsáid na Gaeilge ag imeachtaí áitiúla a spreagadh

AN GHAEILGE I gCÚRSAÍ GNÓ

• Scéim gnó Chill Dara le Gaeilge a chur chun cinn

• Níos mó gnólachtaí áitiúla a spreagadh chun an Ghaeilge a úsáid trí eolas agus líonra tacaíochta a sholáthar

• Custaiméirí a spreagadh chun tacú le gnólachtaí a úsáideann an Ghaeilge, go háirithe iadsan atá cláraithe le Gaeilge Nuada

• Custaiméirí a spreagadh chun an Ghaeilge a úsáid nuair a bhíonn siad ag plé le gnólachtaí • Ceantar bardasach Mhaigh Nuad  a chur chun cinn mar áit mhealltach chun gnó a dhéanamh trí Ghaeilge

OIDEACHAS TRÍ MHEÁN NA GAEILGE

• Tacú leis na naíonraí, na Gaelscoileanna agus an Gaelcholáiste  atá cheana féin ann.

• Tacú le bunú naíonra eile sa dúiche áitiúil.

AN GHAEILGE i SCOILEANNA BÉARLA

• Gaol oibre a thógáil idir na Gaelscoileanna agus na scoileanna Béarla

• Eolas faoi imeachtaí áitiúla Gaeilge a chur ar fáil do na scoileanna Béarla.

• Spreagadh a thabhairt chun úsáid na Gaeilge a mhéadú taobh amuigh de ghnáth-shuíomhanna an seomra ranga.

DAOINE FÁSTA AG FOGHLAIM NA GAEILGE

• Ranganna a sholáthar d'fhoghlaimeoirí ar leibhéil éagsúla

• Bealaí áitiúla, atá cheana féin ann, chun an Ghaeilge a fhoghlaim a chur chun cinn

• Ciorcail chomhrá áitiúla a chur chun cinn mar bhealach chun líofacht a bhaint amach agus chun bualadh le daoine eile a bhfuil na spéiseanna céanna acu

• Raon gníomhaíochtaí trí mheán na Gaeilge a sholáthar

• Eolas faoi dheiseanna cónaithe/cúrsaí sa Ghaeltacht a scaipeadh agus an gaol atá againn le lucht a soláthair a fhorbairt tuilleadh -

GRÚPAÍ POBAIL

• Fiosróidh grúpaí pobail deiseanna chun an Ghaeilge a chur chun cinn

• Tabharfar an deis do ghrúpaí ar mian leo an Ghaeilge a fhorbairt nó a chur chun cinn ina n-eagraíochtaí saineolas nó comhairle sheachtrach a fháil

• Roinnfidh grúpaí a bhfuil spéis acu an teanga a chur chun cinn acmhainní agus smaointe lena chéile

• Ceapfaidh ar a laghad dhá chlub CLG bhreise i gceantar bardasach Mhaigh Nuad Oifigigh Gaeilge gach bliain

• Cuirfidh clubanna CLG i gceantar Mhaigh Nuad le húsáid agus le suntasacht na Gaeilge ina gclubanna trí chlárú le Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha

• Glacfaidh raon grúpaí/clubanna páirt in imeacht Ghaeilge amháin ar a laghad gach bliain • Glacfaidh níos mó daoine óga páirt ghníomhach i bpobal na Gaeilge

SEIRBHÍSÍ POIBLÍ

• Oibriú i gcomhar le seirbhísí poiblí áitiúla le cinntiú go mbeidh a gcuid seirbhísí uile ar fáil i nGaeilge

• Daoine a spreagadh chun leas a bhaint as seirbhísí poiblí i nGaeilge

LÍONRÚ LE POBAIL GHAEILGE EILE

• Eagrófar cuairt thar oíche amháin ar a laghad ar cheantar Gaeltachta

• Eagrófar cuairt thar oíche amháin ar a laghad ar Líonra Gaeilge

• Tabharfar cuireadh do ghrúpa pobail Gaeltachta cuairt a thabhairt ar cheantar Mhaigh Nuad

• Tabharfar cuireadh do phobal ó Líonra Gaeilge cuairt a thabhairt ar cheantar Mhaigh Nuad

POIBLÍOCHT AGUS FEASACHT

• Úsáidfear cur chuige níos comhordaithe i measc grúpaí a reáchtálann gníomhaíochtaí agus imeachtaí Gaeilge le cinntiú go bhfaigheann siad níos mó poiblíochta

• Úsáidfear raon níos leithne fóram chun poiblíocht a dhéanamh ar imeachtaí le cinntiú go bhfeiceann an líon is mó daoine agus is féidir é

• Forbrófar caidrimh idir eagraíochtaí áitiúla Gaeilge agus na scoileanna áitiúla ar fad ar mhaithe le dul i bhfeidhm ar dhaltaí agus ar thuismitheoirí

AN PLEAN TEANGA MAR DHOICIMÉAD 'BEO'

• Athbhreithneofar an plean seo go bliantúil agus déanfar é a oiriúnú/uasdátú mar is cuí

• Mar chuid den phróiseas seo iarrfar ar ghrúpaí éagsúla agus ar an mórphobal ionchur uasdátaithe a thabhairt

**Gaeilge Nuada**

gaeilgenuada1@gmail.com

# ROINN 4

# 2. Acmhainní i gContae Chill Dara

## a. PEARSANRA

Cruthaítear go leor de na deiseanna chun Gaeilge a úsáid sa phobal trí eagraíochtaí atá á reáchtáil ag daoine deonacha, abhfuil móramh díobh i bpostanna lánaimseartha, rud a fhágann go gcaithfear an obair seo a dhéanamh istoíche nó ag an deireadh seachtaine. Tá géarghá ag na grúpaí seo le cabhair ó dhaoine eile chun an raon leathan deiseanna an teanga a úsáid a chothú agus fhorbairt.

B'fhéidir tógáil ar theimpléad choiste Sheachtain na Gaeilge do Nás na Ríogh/na Solláin. Soláthróidh coistí gearrthéarmacha le tascanna agus spriocanna sonracha deis do dhaoine bheith bainteach leis an obair ach gan iad a bheith faiteach faoi ualach oibre scáfar, fadtéarmach a ghlacadh ar lámha.

Cuireann na Gaelscoileanna pearsanra sárluachmhar ar fáil i bhfoirm foirne agus mac léinn. Trí imeachtaí áitiúla Gaeilge a chur chun cinn agus trína gcomhoibriú chun cinn eile a éascú cinntítear go sroicheann imeachtaí mar iad grúpa fíorthábhachtach i.e. an chéad ghlúin eile de chainteoirí Gaeilge. Aithnímid go bhfuil ról suntasach sa phobal Gaeilge áitiúil ag lucht fágála scoile ar spéis leo an teanga.

Cuireann leabharlanna chontae Chill Dara imeachtaí chiorcail chomhrá agus imeachtaí Gaeilge eile ar fáil. Tá Oifigeach Gaeilge ainmnithe ag Comhairle Contae Chill Dara a dtabharfaidh faoin obair seo i gcomhar lena phost lánaimseartha féin. Tá níos mó éileamh ag teacht ar seirbhísí Gaeilge agus dá bharr tá, táthar ag breathnú ar Oifigeach Gaeilge lánaimseartha a fhostú.

## b. FOIRGNEAMH

Faoi straitéis Chill Dara Ildánach a d'fhoilsigh Éire Ildánach, caithfidh Comhairle Chontae Chill Dara casadh le grúpaí leasmhara Gaeilge áitiúla atá cláraithe ar an LRP (Líonraí Rannpháirtíochta Pobail) agus tacaíocht phraiticiúil a chur ar fáil dóibh mar shampla láithreacha do chruinnithe nó imeachtaí.

De bharr nach bhfuil aon spás foirgnimh tiomanaithe d'imeachtaí Gaeilge nó dátheangacha, tá fáil ag grúpaí áitiúla ar leabharlanna, hallaí CLG, hallaí paróiste, ionaid phobail, scoileanna agus gnólachtaí áitiúla. B'fhéidir go mbeadh grúpaí in ann úsáid a bhaint as áiseanna áirithe in Ollscoil Mhá Nuad.

## c. AIRGEADAS

Imeachtaí féin-mhaoinithe iad go leor de na himeachtaí Gaeilge áitiúla. Maoinítear cinn eile, ábhar bolscaireachta dóibh san áireamh, le duaiseanna bliantúla Ghlór na nGael agus le deontais ó Fhoras na Gaeilge, Chonradh na Gaeilge, ó Chomhairle Contae Chill Dara agus ó Éire Ildánach.

Ní théann na heagraíochtaí deonacha, a d'oibrigh muid leo, a bhfuil cur chun cinn na Gaeilge mar phríomhaidhm acu, ag tiomsú airgid, ná níl aon rún acu tabhairt faoi, mar creideann siad gur fearr an pearsanra teoranta atá acu a úsáid ag cur na teanga chun cinn taobh istigh de na hacmhainní atá acu. Dála cuid mhór scoileanna, bíonn ar Ghaelscoileanna airgead a bhailiú chun eispéaras oideachasúil den scoth a sholáthar dá gcuid mac léinn. Eagraíonn grúpaí spóirt, ceoil agus óige eile a gcuid imeachtaí féin chun airgead a thiomsú – imeachtaí nach mbíonn dírithe ar an nGaeilge.

Tá maoiniú poiblí ar fáil chun maoiniú/ cuid den maoiniú a chur ar fáil d'fhostaithe páirtaimseartha nó lánaimseartha ó na foinsí seo a leanas:

- Foras na Gaeilge – fostaíocht tríd an Líonra Gaeilge a bhaint amach
- Foras na Gaeilge – Scéim Pobal Gaeilge
- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta – Scéim Tacaíochta Gaeilge

# 15 Críoch

Seo an chéad iarracht ar phleanáil teanga sa dúiche seo le blianta beaga anuas. Rinneamar ár ndícheall an próiseas a bheith trédhearcach agus uileghabhálach. Mar a dúradh cheana, mura fheiceann tú do thionscadal nó do ghrúpa ainmnithe sa phlean seo, déan teagmháil le Sult na Sollán ag gaeilge@sultnasollan.ie le go mbeidh tú ainmnithe sa gcéad leagan eile den phlean. Trí cruinnithe bliantúla poiblí a thionóladh, Meitheal Chill Dara, tá súil againn gur léir do gach dream ar spéis leo é go bhfuil fáilte roimh a dtuairimí agus gur mór linn iad. Tá súil againn ár bpáirtnéirí uile a fheiceáil ag na cruinnithe seo, go gcomhoibreoidh siad linn, go dtabharfaidh siad tuairisc ar a ndul chun cinn féin agus go roinnfidh siad na dúshláin a bhí rompu. Creidimid go dtabharfaidh na cruinnithe bliantúla seo spreagadh chun spriocanna a bhaint amach agus go gcinnteoidh siad go n-aithneofar dul chun cinn agus go gceiliúrfar é go minic.

Beidh plean Gaeilge do Chontae Chill Dara ó Eanáir 2019 go Nollaig 2023 á sheoladh go hoifigiúil ar 28 Feabhra 2019.

### BÍODH DO DHEIS LABHARTHA AGAT – CUIRTEAR FÁILTE ROIMH AISEOLAS!

Tá fáilte roimh gach duine sa phobal a gcuid spéise a léiriú nó aiseolas a thabhairt ar an phlean seo. Is féidir é seo a dhéanamh i nGaeilge nó i mBéarla. Is féidir spéis a léiriú nó aiseolas a thabhairt ag: gaeilge@sultnasollan.ie.

# 16 Nótaí Buíochais

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le gach duine a raibh ról aige sa phróiseas seo trí freastal ar cheann dar saotharlanna agus/ nó cruinnithe poiblí nó a chuir comhairle, cúnamh nó aiseolas ar fáil. Buíochas chomh maith le Liam Mac Amhlaigh ó Ollscoil Mhá Nuad agus le Dónall Ó Riagáin a chabhraigh linn faisnéis a bhailiú don doiciméad seo.

Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil le hOifigeach na Gaeilge, Comhairle Contae Chill Dara, Donnacha Mac Diarmada as ucht an tacaíocht go léir a thug sé dúinn go dtí seo agus cé chomh díograsach is a bhí sé i rith an próiseas pleanála. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le Comhairle Contae Chill Dara as ucht ionad a chur ar fáil dúinn chun an plean seo a sheoladh.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le Foras na Gaeilge, Comhairle Contae Chill Dara agus Sult na Sollán as an tacaíocht airgid a chur ar fáil le an plean seo a chur i gcrích. Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt do thacaíocht Chonradh na Gaeilge.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil lenár bpáirtnéirí áitiúla agus náisiúnta uile. (Aguisín11)

Ba dheas linn aitheantas ar leith a thabhairt d'fhoireann Ghlór na nGael, Marcas Mac Ruairí ach go háirithe, as a dtacaíocht is a saineolas agus iad ag éascú na saotharlanna ag tús an phróiseas bhailiú faisnéise is smaointe ónár bpairtnéirí áitiúla agus a d'fheagair iliomad ceisteanna éagsúla ón ngrúpa pleanála le dhá bhliain anuas.

Ba mhaith linn buíochas speisialta a ghabháil le Hannah Ní Dhoimhín as a comhairle agus focail na gaoise maidir le athbhreithniú a dhéanamh ar líon dréachtaí den phlean.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leis na hionadaithe áitiúla agus na T.D. a d'fhreastail ar chruinnithe pleanála agus a chuidigh leis an plean seo.

**NÓTA BUÍOCHAIS PEARSANTA:**
Tar éis níos mó ná dhá bhliain a chaitheamh ag obair, ag pleanáil, ag comhordú, ag comhairliú, ag déanamh anailís, ag roinnt, ag dréachtú agus ag athdhréachtú an doiciméad seo, tá muid ag súil go dtabharfaidh an plean seo aird na ndaoine ar na deiseanna le cur leis an nGaeilge i gContae Chill Dara. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil ach go háirithe leis na baill eile den choiste as a gcuid oibre díograsach le dhá bhliain anuas:

Daithí de Faoite, Eithne Ní Fhlathartaigh, Mac Dara Ó Maitiú agus ár mball coiste is nuaí, Mairéad Ní Neachtain.

**Siobhain Grogan,**
Cathaoirleach,
Coiste na Gaeilge,
Sult na Sollán

**AN GHAEILGE**
**ÁR DTEANGA – ÁR NDEIS**

# Aguisíní

| | |
|---|---|
| Aguisín 1 | Forais oideachasúla a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge i gContae Chill Dara |
| Aguisín 2 | Áiteanna taobh amuigh den Ghaeltacht a bhfuil fostaithe lánaimseartha acu chun an Ghaeilge a chur chun cinn |
| Aguisín 3 | Ceantair a bhfuil cultúrlann acu a bhfuil a béim ar chur chun cinn na Gaeilge |
| Aguisín 4 | Deis forbartha ar leith na Sollán |
| Aguisín 5 | Gearrchuntas ar Stair na Gaeilge i gContae Chill Dara |
| Aguisín 6A - 6D | Staitisticí ón Daonáireamh Náisiúnta 2016 |
| Aguisín 7 | Teimpléad a úsáideadh sna saotharlanna pleanála teanga |
| Aguisín 8 | Ceantair Bardasacha i gContae Chill Dara |
| Aguisín 9 | Samplaí de chomharthaíocht cheart agus mhícheart faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 |
| Aguisín 10 | Liosta de na leabharlanna i gContae Chill Dara |
| Aguisín 11 | Grúpaí deonacha áitiúla a chuireann an Ghaeilge chun cinn |
| Aguisín 12 | Páirtithe i.e. Grúpaí a chomhoibrigh lena chéile le linn an phróisis pleanála |
| Aguisín 13 | Suíomhanna idirlín úsáideacha |

# Aguisín 1: Forais oideachasúla a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge i gContae Chill Dara

**Tá ocht naíonra i gContae Chill Dara**

- Tús Maith, Lóiste an Piasún, Lár Mullacash, Nás na Ríogh
- Naíonra Aoibhneas, An Muileann, Cill Droichid
- Naíonra Bhóín Dé, F/ch: Gaelscoil Chill Dara, An Bóthar Glas, An Currach
- Naíonra Ghearóídín, F/Ch: Gaelscoil Uí Fhiaich, Bóthar Chill Droichid, Maigh Nuad
- Naíonra Léim an Bhradáin, F/ch: Scoil Uí Dhálaigh, Bóthar Chill Droichid, Léim an Bhradáin
- Naíonra Siamsa, Halla na nGasóga, Sráid an Droichid, Cill Choca
- Naíonra Thír na nÓg, Model Court, Baile Átha Í
- Naíonra Funbugs, An Ráth Mhór, Baile an Éadaigh, Nás na Ríogh

SOURCE: http://www.gaelscoileanna.ie/county/county-kildare/ - February 19th, 2018

**Tá seacht mbunscoil a mhúineann trí mheán na Gaeilge i gContae Chill Dara. Is mar seo a bhí a gcuid figiúirí ar rolla ar 30 Meán Fómhair 2017:**

| | |
|---|---|
| • Scoil Uí Fhiaich, Achadh Aoibhinn, Maigh Nuad | **473** |
| • Gaelscoil Chill Dara, An Bóthar Glas, An Currach | **400** |
| • Gaelscoil Átha Í, Bóthar Átha Cliath, Baile Átha Í | **207** |
| • Scoil Uí Riada, An Bhanóg, Cill Choca | **532** |
| • Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh, Léim An Bhradáin | **429** |
| • Gaelscoil Nás na Ríogh, Cnoc an Phíobaire, Nás na Ríogh | **408** |
| • Gaelscoil Mhic Aodha, Radharc An Túir, Baile Chill Dara | **90** |

**Tá iar-bhunscoil amháin agus 'aonad' amháin a mhúineann trí mheán na Gaeilge i gContae Chill Dara.**

| | |
|---|---|
| Gael-Choláiste Chill Dara, Seanbhóthar Luimnigh, Nás na Ríogh | **350** |

Foinse: https://www.education.ie/en/Publications/Statistics/Data-on-Individual-Schools/primary-school-lists-2017-2018-provisional.xlsx

Tá aonad Gaeilge in Iar-bhunscoil Mhaigh Nuad. Sa scoilbhliain 2017-2018, bhí 104 mac léinn ann agus iad scaipthe ón 1ú go dtí an 4ú bliain. Chuimsigh an t-aonad an 5ú bliain i 2018 agus cuimseoidh sé an 6ú bliain i 2019. Tá Gaelcholáiste nua le hoscailt i Maigh Nuad i 2019.

**Tá ollscoil amháin i gContae Chill Dara: Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Maigh Nuad**

Is iad seo na huimhreacha a bhfuil staidéar ar an nGaeilge á dhéanamh acu ar leibhéil éagsúla i gColáiste Mhaigh Nuad sa bhliain acadúil 2018-2019:

- Nua-Ghaeilge: 1ú Bliain: 239; 2ú Bliain: 105; 3ú Bliain: 112
- Luath-Ghaeilge: 1ú Bliain: 30-35; 2ú Bliain: 20-25; 3ú Bliain: 20-25
- An Ghaeilge mar chuid dá gcáilíochtaí bunmhúinteoireachta: Blianta 1, 2, 3, 4 - 60 x 4 = 240 agus Blianta 1 agus 2 den Chéim Máistreachta san Oideachas - 30 x 2 = 60
- Tá mic léinn eile ann a bhfuil scrúduithe TEG á ndéanamh acu faoi stiúir Lárionad na Gaeilge agus tá grúpa beag eile ag staidéar ansin freisin do dhioplóma san aistriúchán.

## Aguisín 2: Áiteanna taobh amuigh den Ghaeltacht a bhfuil fostaithe lánaimseartha acu chun an Ghaeilge a chur chun cinn

| | | MAOINITHE AG: |
|---|---|---|
| 1. | An tAonach, Co. Tiobraid Árann | Foras na Gaeilge |
| 2. | Ard Mhacha | Foras na Gaeilge |
| 3. | Áth na Loinge, Contae. an Dúin | Foras na Gaeilge |
| 4. | Béal Feirste x 5, Belfast x 5 | Foras na Gaeilge |
| 5. | Caisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo | Foras na Gaeilge |
| 6. | Caisleán Uidhilín, Contae an Dúin | Foras na Gaeilge |
| 7. | Ceatharlach | Foras na Gaeilge |
| 8. | Cluain Dolcáin, Contae Átha Cliath | Foras na Gaeilge |
| 9. | Corcaigh | Roinn na Gaeltachta |
| 10. | Doire | Foras na Gaeilge |
| 11. | Doire Theas x 2 | Foras na Gaeilge |
| 12. | Dún Pádraig, Contae an Dúin | Foras na Gaeilge |
| 13. | Dún Geimhin, Contae Doire | Foras na Gaeilge |
| 14. | Gaillimh | Roinn na Gaeltachta |
| 15. | Gaillimh | Foras na Gaeilge |
| 16. | Gleann Ghormlaithe, Contae Aontroma | Roinn na Gaeltachta |
| 17. | Inis, Contae an Chláir | Foras na Gaeilge |
| 18. | Muineachán | Foras na Gaeilge |
| 19. | Oileán an Ghuail, Contae Thír Eoghain | Foras na Gaeilge |
| 20. | An Ómaigh, Contae Thír Eoghain | Foras na Gaeilge |

## Aguisín 3: Ceantair a bhfuil cultúrlann acu a bhfuil a béim ar chur chun cinn na Gaeilge

1. Áth na Loinge, Contae an Dúin – Annalong, County Down
2. An tAonach, Contae Tiobraid Árann – Nenagh, Co. Tipperary
3. Béal Feirste x 4 – Belfast x 4
4. Cluain Dolcáin, Contae Átha Cliath – Clondalkin, Co. Dublin
5. Corcaigh - Cork
6. Doire - Derry
7. Doire Theas – South Derry
8. Iúr Cinn Trá, Contae an Dúin – Newry, Co. Down
9. Luimneach – Limerick

## Aguisín 4: Deis Forbartha ar leith na Solláin

Is tréimhse suimiúil é an tréimhse 2019-2023 d'fhorbairt na Sollán. Tugtar faoi nó pleanáiltear roinnt tionscadail agus tionscnaimh éagsúla do Solláin le linn an tréimhse seo.

- Seachbhóthar nua le hoscailt le linn 2019 ag laghdú plódú tráchta sa mbaile mór
- Athógáil ar lár an bhaile agus feabhsúcháin ríocht phoiblí
- Forbairt ar féarbhealach taobh leis An Chanáil Mhór
- Forbairt ar shuíomh 33 acra Pháirc Phoiblí na Sollán
- Clubhteach nua do CLG na Sollán ar shuíomh CLG na Sollán atá ann cheana féin
- Pluais na gasóg nua agus ionad gníomhaíochta
- Clós súgartha nua
- Ionad pobail ilchuspóireach nua le forbairt ar an suíomh poiblí
- Gníomhaíochtaí nua chun Sollán a chur chun cinn mar cheann scríbe turasóireachta
- An toradh is dócha ná go mbeidh na Solláin / Nás na Ríogh aitheanta mar líonra (Líonra Gaeilge) ag cuir deiseanna nua agus foinsí maoinithe ar fáil do ghníomhaíochtaí cultúrtha agus teanga bhunaithe

Le scór bliain anuas, tá méadú tagtha ar an Sollán go sciobtha le fás ag teacht ar líon na gcónaitheoirí ó dhaonra de míle i lár na nóchaidí go dtí thart ar sé mhíle duine inniu. Cé go bhfuil an baile tar éis méadú go sciobtha, níor tháinig méadú ar áiseanna agus fóntais phoiblí – mar shampla tá Scoil Náisiúnta na Sollán lán le 750 dalta. Tháinig méadú suntasach ar clubanna spóirt áitiúla agus eagraíochtaí deonacha ach tá ganntanas mór acmhainní. In ainneoin na dúshláin seo, thacaigh agus a chuaigh pobal na Sollán i mbun feachtais thrí a gComhairle Contae agus a hionadaithe poiblí ag cur níos mó brú ar Chomhairle Contae Chill Dara le plean éifeachtach a chur i bhfeidhm don áit.

Tá Sult na Sollán ag obair go dlúth le Comhairle Pobail na Sollán, le grúpaí spóirt agus deonacha áitiúla, le Grúpa Forbartha Cultúrtha na Sollán agus le hionadaithe poiblí lena fís do Solláin a leagan amach. Tá Sult na Sollán ag moladh go bhforbrófar ionad cultúrtha nua mar chuid d'ionad pobail ilchuspóireach ar an talamh pobail nua. D'fhéadfadh naíonra (naíonra Gaeilge), café cultúrtha, ionad gníomhaíochta, spás taispeántais, seomra seisiúin, seomraí cruinnithe/seomraí ranga agus níos a bheith san ionad seo. Cuireann an tionscadal nua deis ar leith ar fáil chun áiseanna a thógáil a d'fhéadfadh seirbhís a chur ar fáil do phobal na Sollán agus pobal níos leithne i gContae Chill Dara, go háirithe iad siúd a bhfuil suim acu i gceiliúradh na healaíne agus cultúir na Gaeilge agus an cultúr traidisiúnta. Tá Sult na Sollán ag súil le saineolaithe a mhealladh le staidéar féidearthachta a chur i gcrích sa bhliain amach romhainn le breathnú ar an deis seo agus a oibreoidh leis an phobal áitiúil lena chur i bhfeidhm chomh luath agus is féidir.

Tá Sult na Sollán ag obair leis na bhForas Patrúnachta, (comhlacht pátrún náisiúnta), chun Gaelscoil nua a bhunú sna Solláin, i gClaonadh nó i gceantar Thuaisceart Nás na Ríogh sna blianta amach romhainn. Tá Scoil Náisiúnta na Sollán cheana féin lán le thart ar 750 dalta. Tá an t-aon Gaelscoil i Nás na Ríogh, atá lonnaithe ar champas oideachasúil Chnocán an Phíobaire ar Bhóthar Chill Chuillinn i Nás na Ríogh lán freisin le os cionn 400 dalta. Táthar ag súil go leanfaidh an méadú ar an daonra ar aghaidh i gceantar na Sollán/Nás na Ríogh/Claonadh agus tá an méadú ar Ghaelscoileanna ag ardú sa gcontae agus ar fud na tíre ina iomláine. Cabhróidh aitheantas na Sollán agus Nás na Ríogh mar líonra/Líonra Gaeilge agus an féidearthacht do naíonra nó naíonra Gaeilge leis an éileamh d'oideachas trí Ghaeilge sa gceantar.

## Aguisín 5: Stair ghonta na Gaeilge i gContae Chill Dara

Phós na hAngla-Normannaigh agus na Gaeil a chéile agus tá an chuma ar an scéal go bhfuair an Ghaeilge an lámh in uachtar athuair sa chuid is mó den tír sa 14ú céad. D'fhág na hAngla -Normannaigh roinnt iasachtaí ón bhFraincis againn sa Ghaeilge [e.g. garsún (boy) ó garçon, siúicre (sugar) ó sucre].

Cad leis a raibh Gaeilge Chill Dara cosúil sa é úd? Seo giota as Beatha Bhríde, a scríobhadh sa 13ú céad, ach atá tugtha 'suas chun dáta' ag an Dr Dáithí Ó hÓgáin, nach maireann, ar mhaithe lenár leithéidí:

*"Tháinig Rí Laighean uair go Bríd ag éisteacht lena teagasc agus ag ceiliúradh don Cháisc. Tar éis chríochnú an cheiliúrtha chuaigh an rí ar an mbóthar. An t-am a chuaigh Bríd ag caitheamh a proinne dúirt Lomán clamh Bhríde ná caithfeadh sé ní nó go dtabharfaí dhó arm gaisce rí Laighean idir ghaetha agus sciath agus chlaíomh. Chuaigh teachtaire ó Bhríd i ndiaidh an rí . Ó mheán lae go nóna don rí ó ar mearú, agus ní rángadar aon mhíle céim nó gur thug sé an t arm gaisce uaidh agus tugadh don chlamh é...."*

Tá Nás luaite roinnt uaire sa Leabhar Branach, The Book of the O'Byrnes, cnuasach filíochta ó dheireadh na 16ú agus tús na 17ú aoise. (In ainneoin go samhlaítear Muintir Bhroin le Cill Mhantáin b'as Cill Dara dóibh ó thus ach dhíbir plandálaithe iad). Is as Duanaire Fheidhlim mhic Fhiachaidh, ar cuid den chnuasach é, an véarsa seo:

*Nó Nás áirmhioch, longphort Laighion,*
*nó lios Almhan*
*'na mbíodh Fionn ag trial gan turnamh*
*'s an fhian armghlan.*

Conas mar a bhí an Ghaeilge i gCill Dara sa 19ú céad? Plandáladh go trom talamh méith Chill Dara. Is faoi na 'huaisle' sna 'tithe móra' is mó a chloisimid inniu ach bheadh dul amú orainn dá gcreidimis go raibh Éire Gaelach marbh agus sa chré anseo. Ní mór dúinn cuimhneamh go raibh na céadta gnáth Éireannach ag obair mar shearbhónta de chineál amháin nó de chineál eile sna tithe móra seo nó a bhí ar a ndícheall ag iarraidh sli bheatha a bhaint amach mar thionóntaithe ar ghabháltais bheaga, neamheacnamaíocha. Maireann cúpla scéilín fós a thugann léargas éigin dúinn ar an Éire ceilte (Hidden Ireland) seo inár gceantar féin.

Scríobh Seán de Fréine ina shaothar ceannródaioch, 'The Great Silence':

*Early in the 19th century the Methodist Church appointed preachers to traverse the country in pairs – to preach in Irish and English. Samuel Alcorn and James Bell were appointed for the province of Leinster. Mr. Bell, we are told, preached with fervour in Irish. These two men commenced their mission on the public street in Naas in 1806, where to the east, we are told a strip of Irish seems to have survived among the western flanks of the Wicklow Mountains, extending eastwards into the mountain valleys of Glenasmole and Glencullen in Co. Dublin.*

Léimimis 20 bliain chun tosaigh – go dtí 1826. Ag an am úd bé an tOir. James Doyle OSA - JKL an mhórchlú - a bhí ina Easpag ar Dheoise Chill Dara agus Leithghlinne. Scríobh sé an litir seo a leanas ar 18 Eanáir 1826 chuig sagart paróiste Tigh Moling:

*Rev. Dear Sir,*

*This note will be handed to you by the Rev. James Haydin, who is hereby appointed your curate. Fr. Doyle, who has been sent to Graigue, and who understands Irish, has been directed by me to exchange places with Fr. Haydin during a few weeks of the Station time, when you are employed in those districts in which our native language principally prevails, and also attends such sick persons as cannot be understood by yourself, but this latter attendance is only*

*required in cases of indispensable necessity. Fr. Haydin, perhaps may, in a little time, acquire a knowledge of Irish which by attention and zeal, he can do. I have every hope that you will find him and active and useful assistant…*

*I remain, Revd. Dear Sir,*

*Your obedient and humble servant in Christ,*

*J. Doyle*

Tig linn trí rud a bhaint as an litir seo:

– Bhí roinnt sagairt sna deoise in 1826 a bhí in ann freastal ar a dtréad i nGaeilge;

– Bhí roinnt ceantar sa deoise ina raibh an Ghaeilge mar phríomhtheanga pobail agus, thairis sin, b'aonteangaigh Gaeilge cuid de na daoine sna ceantair seo; agus

– Bhí an tEaspag patuar/naimhdeach i dtaobh na Gaeilge nuair a dúirt sé nár choir do shagart le Gaeilge freastal ar chainteoirí Gaeilge a bhí tinn ach amháin 'only in cases of indispensable necessity'.

Bunaíodh craobh de Chonradh na Gaeilge sa Nás in 1901 agus toghadh Máire Ní Raghallaigh ina rúnaí.

In 1922, bunaíodh Saorstát Éireann (Irish Free State) agus rinneadh teanga oifigiúil den Ghaeilge taobh leis an mBéarla. Rinneadh teanga éigeantach den Ghaeilge agus spreagadh státsheirbhísigh leis an nGaeilge a fhoghlaim. D'fhág sé sin go bhféadfadh duine i gcontae mar Chill Dara teacht ar thrí chineál duine le Gaeilge – iarsmaí na sean-ghlúine a raibh an Ghaeilge fós acu, cainteoirí dúchais ó áiteanna eile faoin dtír a bhí tagtha go Cill Dara chun cónaí nó chun dul ag obair agus iadsan a raibh an Ghaeilge foghlamtha acu ar scoil nó ag ranganna Chonradh na Gaeilge.

Ach an raibh aon chainteoir dúchais fágtha? Ba bheag duine a léirigh níos mó spéise in iarsmaí na Gaeilge i gCúige Laighean ná fear darbh ainm dó Donn Sigerson Piatt (1905-1970). In ainneoin ainm coimhthíoch a bheith air rugadh Donn i mBaile Átha Cliath. Ba de bhunadh Huguenot Francach i Meiriceá dó. B'as sin dá ainm is dá shloinne as an gnáth. Teangeolaí déanta ba ea Donn a fhéadfadh mórchuid teangacha a labhairt – an Ghaeilge ina measc. D'oibrigh sé i rannóg an aistriúcháin i dTithe an Oireachtais. Lena linn rinne sé taighde ar iarsmaí na Gaeilge in áiteanna nach raibh an Ghaeilge mar ghnáth-theanga pobail iontu a thuilleadh. I 1933 d'fhoilsigh sé leabhrán beag dar teideal "Gaelic Dialects of Leinster" – ar a chostas féin, creidim. Is éard atá ann sa chuid is mó ná bailiúchán nótaí a rinne an t-údar ag amanna éagsula. Ní miste a rá nach bhfuil eagar ró-mhaith ar an ábhar. Mar sin féin, tá seodanna beaga eolais anseo is ansiúd e.g.

*"A priest told Máire Ní Raghallaigh he was speaking to an old native speaker at Knockaulin about 1888. A note by O'Growney which I am unable to trace mentioned by name seven old Irish speakers living near Maynooth about this same period. Seosamh Laoide in Post-Sheanchas mentions a woman near Naas claiming to have some native Irish".*

Rinne Dubhghlas de hÍde tagairt chomh maith do na cainteoirí deiridh seo mórthimpeall ar Mhaigh Nuad:

*"My friend, Fr. O'Growney , who has done and is doing so much for the Irish language and literature at Maynooth, tells me that there, within twenty miles of Dublin, are three old people who still speak Irish."*

Ag cur san áireamh nach é Maigh Nuad an áit is iargúlta i gContae Chill Dara, ná baol air, níl sé míréasúnta a cheapadh gur dócha gur mhair an Ghaeilge mar theanga dhúchais níos déanaí fós in áiteanna eile sa chontae.

Tháinig blúirín eolais rí-spéisiúil eile i mo threo i gcolún An Irishman's Diary san Irish

Times ar 5 Bealtaine 2015. Seaghan Mac an tSionnaigh, fear óg a bhfuil beathaisnéis T. P. O'Neill Lane, an foclóirí, a chuir foclóir Béarla-Gaeilge le chéile agus a foilsíodh i 1916, scríofa aige b'údar an ailt. In 1884 d'fhill O'Neill Lane ar Éirinn ó Pháras chun sraith de threoirleabhair taistil a scríobh do na foilsitheoirí, Hardy Brothers. Orthusan bhí *Round Erin or Highways and Byways in Ireland, The Way About Ireland, The Way About Irish Lakes and Rivers agus The Sportsman's and Tourist's Guide to Ireland*. Thapaigh sé an deis, agus é ag dul timpeall na hÉireann chun ábhar a bhailiú dá threoirleabhair, chun Gaeilge a bhailiú dá fhoclóir cibé áit a fhéadfadh sé. Chaith sé roinnt ama i gCill Dara agus ba léir gur casadh cainteoirí dúchais air. Scríobh mé chuig Seaghan Mac an tSionnaigh, a raibh taighde iarchéime á dhéanamh aige i Montreal, agus d'fhiafraíos de an raibh aon fhocal ó Chill Dara i bhfoclóir O'Neill Lane. D'fhreagair sé mé agus dúirt sé nár tháinig sé ach ar théarma amháin a bhí luaite go speisialta le Cill Dara – *Codladh drulacháin*. Is ionann é seo agus an rud a dtugtar 'pins and needles' air i mBéarla.

Spreag sé seo mé chun foclóir cáiliúil an Ath. Pádraig Ó Duinnín a chuardach féachaint an raibh aon fhocail ann a bhí luaite go sonrach le Cill Dara. Thairis focail i logainmneacha níor tháinig mé ach ar dhá cheann – *machtnán*, a chiallaíonn 'páiste droch-chumtha' agus *púca*. Tá cur amach againn uile ar an bpúca mar chineál spioraid nó taibhse ach is dealraitheach gur úsáideadh an focal chomh maith chun cur síos ar sheilide beag.

In 1912, d'fhoilsigh Gill leabhar dar teideal 'The Neighbourhood of Dublin' le Weston St. John Joyce. Cineál treoirleabhair do thurasóirí a bhí ann. Ceann de na rudaí ar thug mé suntas air ná gurb é a tugadh ar an mbóthar go dtí an baile s'againne ná *the road to The Naas*, ní the road to Naas. Tugann sé seo le fios dom gur aistriúchán díreach a bhí ann ón nGaeilge – *An Nás*.

De réir mar a ghabh níos mó páistí tríd an gcóras oideachais le heolas éigin ar an nGaeilge agus de réir mar a d'éirigh grúpaí deonacha, dála Conradh na Gaeilge agus Glór na nGael (bunaithe ag Cumann na Sagart in 1961), gníomhach tháinig méadú ar eolas is ar úsáid na Gaeilge. Léirigh Daonáireamh 2011 go raibh 83,526 duine i gContae Chill Dara arbh fhéidir leo an Ghaeilge a labhairt agus díobhsan bhí cónaí ar 8,330 sa Nás. Ach den 8,330 duine seo níor labhair ach 181 duine an Ghaeilge ar bhonn laethúil taobh amuigh den chóras oideachais. Labhair 433 eile an Ghaeilge ar bhonn seachtainiúil agus labhair 2,831 eile í go hócáidiúil.

Bhí cúpla forbairt ann nach miste a lua go sonrach. Chomh maith le coilíneachtaí Gaeltachta a bhunú i gContae na Mí ag Ráth Chairn agus Baile Gib aistríodh grúpaí beaga eile ón nGaeltacht – grúpa amháin ó Chonamara go dtí ceantar Mhaigh Nuad agus dhá theaghlach ó Chorca Dhuibhne go Cill Chéile. Agus lonnaíodh dream eile ó Chonamara i Mullach Ais.

Sna 1960idí bhí coiste Glór na nGael gníomhach sa Nás agus chinn ceithre theaghlach, a bhí bainteach le Glór na nGael agus a raibh an Ghaeilge mar theanga baile acu, ar shuíomhanna a cheannach ar Bhóthar Ráth Oscair. Thóg siad tithe orthu agus chruthaigh siad micreaGhaeltacht. Togadh cúig pháiste deag le Gaeilge sa phobal beag seo. Agus cuireann sé áthas orm a thuairisciú go bhfuil páistí ón tríú glúin á dtógáil le Gaeilge agus ag freastal ar Ghaelscoileanna.

In 1981 foilsíodh leagan iomlán den Bhíobla i nGaeilge, agus é faofa ag an gcliarlathas Caitliceach. Den chéad uair. Aistríodh thart ar leath de leabhair an Bhíobla le fiche bliain roimhe sin ach bé an Mgr. Pádraig Ó Fiannachta ó Choláiste Phádraig, Má

Nuad a d'aistrigh, an fuílleach, a tharraing gach ní le chéile agus a rinne eagarthóireacht air. Agus ba i gclólann an Leinster Leader a cuireadh cló air. Agus ní raibh duine ar bith ann a rinne níos mó chun an caighdeán ard clóchuradóireachta agus dearaidh a chinntiú ná Stan Hickey.

Bhí daoine ón Nás bainteach le bunú Scoil Chrónáin i Ráth Cúil in 1975 – an chéad Ghaelscoil ar an dtaobh thiar-theas de Chontae Bhaile Átha Cliath. Bunaíodh Gaelscoil Nás na Ríogh i 2002 agus tá sí faoi bhláth ó shin. Bunaíodh Gaelcholáiste Chill Dara i 2003 agus tá sé lonnaithe sa Nás anois. Áirítear go bhfuil os cionn 700 páiste ag fáil a gcuid oideachais trí Ghaeilge sa Nás amháin. Ag leibhéal na bunscolaíochta amháin, bhí 2,568 páiste ag freastal ar Ghaelscoileanna i gContae Chill Dara ag tús na scoilbhliana 2016-2017. Tá Gaelscoileanna sa Droichead Nua, Nás, i Léim an Bhradáin, Cill Droichid, Áth Í, Cill Choca, baile Chill Dara, Maigh Nuad agus Baile Choimín (Cill Mhantáin) in aice le teorainn Contae Chill Dara.

Le blianta beaga anuas, tá grúpaí dála Sult na Sollán agus Cill Dara le Gaeilge ag fágáil a rianta ar shaol sóisialta agus eacnamaíoch an Náis agus na dúiche máguaird ag cur chun cinn na Gaeilge, an ceol traidisiúnta agus cultúr traidisiúnta na hÉireann.

I 2007 rinneadh teanga oifigiúil oibre de chuid an Aontais Eorpaigh den Ghaeilge. An teanga a bhí luaite le haineolas, le seanaimsearthacht agus le náire, tá sí anois tar éis a háit a ghlacadh i measc na dteangacha eile san Eoraip nua, aontaithe, ceannródaíoch.

Thug mé teideal i bhfoirm ceiste ar mo chaint, 'Cathain a fuair an Ghaeilge bás i gCill Dara?' Is léir gur, 'Ní bhuair sí bás 'chor ar bith', an freagra. Bhí cos amháin san uaigh aici ag deireadh na 19ú aoise ach tá sí ag teacht chuici féin ó shin. Tá mórán fós le déanamh ach tá gach cúis againn a bheith bródúil as an méid atá bainte amach agus a bheith dóchasach faoin am at le teacht.

Sliocht as ábhar cainte a réitigh Dónall Ó Riagáin, 2017.

# Aguisín 6 – Staitisticí ón Daonáireamh Náisiúnta 2016

## AGUISÍN 6A – DAONÁIREAMH 2016: STÁDAS NA GAEILGE I NGACH CONTAE

| Contae | Daonra 3 bliana agus os a chionn 2016 | Cainteoirí Seachtainiúla lasmuigh den chóras oideachais | % Cainteoirí Seachtainiúla lasmuigh den chóras oideachais | Cainteoirí Laethúla lasmuigh den chóras oideachais | % Cainteoirí Laethúla lasmuigh den chóras oideachais |
|---|---|---|---|---|---|
| 1. Gaillimh | 202,166 | 6,481 | 3.21% | 3,734 | 1.85% |
| 2. Dún na nGall | 130,365 | 2,838 | 2.18% | 2,002 | 1.54% |
| 3. Áth Cliath | 1,293,330 | 27,379 | 2.12% | 17,093 | 1.32% |
| 4. An Clár | 114,372 | 3,390 | 2.96% | 1,493 | 1.31% |
| 5. Cill Dara | 212,479 | 5,293 | 2.49% | 2,754 | 1.30% |
| 6. Maigh Eo | 113,484 | 2,981 | 2.63% | 1,414 | 1.25% |
| 7. Cill Mhantáin | 136,629 | 3.086 | 2.26% | 1,674 | 1.23% |
| 8. Corcaigh | 517,172 | 13,816 | 2.67% | 6,292 | 1.22% |
| 9. Muineachán | 58,671 | 1,306 | 2.23% | 692 | 1.18% |
| 10. Ciarraí | 134,148 | 3,672 | 2.74% | 1,558 | 1.16% |
| 11. An Mhí | 184,329 | 4,196 | 2.28% | 2,080 | 1.13% |
| 12. Port Láirge | 110.009 | 2,741 | 2.49% | 1,199 | 1.09% |
| 13. Liatroim | 30,771 | 768 | 2.50% | 323 | 1.05% |
| 14. Cill Chainnigh | 95,134 | 2,310 | 2.43% | 960 | 1.01% |
| 15. Sligeach | 63,101 | 1,438 | 2.28% | 608 | 0.96% |
| 16. Luimneach | 187,210 | 4,540 | 2.43% | 1,795 | 0.96% |
| 17. Lú | 123,406 | 2,465 | 1.98% | 1,177 | 0.95% |
| 18. Tiobraid Árann | 153,202 | 3,723 | 2.43% | 1,450 | 0.95% |
| 19. Ceatharlach | 54,597 | 1,113 | 2.04% | 499 | 0.91% |
| 20. Laois | 80,912 | 1,848 | 2.28% | 688 | 0.85% |
| 21. An Iarmhí | 84,973 | 1,834 | 2.16% | 710 | 0.84% |
| 22. Loch Garman | 143,730 | 2,872 | 1.99% | 1,191 | 0.83% |
| 23. Ros Comáin | 62,027 | 1,354 | 2.18% | 505 | 0.81% |
| 24. Uíbh Fhailí | 74,677 | 1,642 | 2.19% | 599 | 0.80% |
| 25. An Longfort | 39,137 | 723 | 1.85% | 257 | 0.66% |
| 26. An Cabhán | 72,870 | 1,380 | 1.89% | 470 | 0.64% |

Tábla agus anailís faighte ag Tuairsic.ie, bunaithe ar Dhaonáireamh 2016 ón bPríomh-Oifig Staidrimh.

Níl figiúirí na ceantair Ghaeltachta san áireamh i bhfigiúir na gcontaetha ina bhfuil ceantar Gaeltachta.

https://tuairisc.ie/daonaireamh-2016-cad-iad-na-contaetha-is-laidre-agus-is-laige-o-thaobh-na-gaeilge/

## AGUISÍN 6B – DAONÁIREAMH 2016 AN STÁT, CÚIGE AGUS CILL DARA

| | % Méadú / Laghdú ó Dhaonáireamh 2011 | Stát | | % Méadú / Laghdú ó Dhaonáireamh | C. Laighean | | % Méadú / Laghdú ó Dhaonáireamh | Cill Dara |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Iomlán, Fir is Mná | 3.8% | 4,761,865 | | 5.2% | 2,634,403 | | 5.8% | 222,504 |
| Iomlán, Fir is Mná, 3 bliana d' aois agus os a chionn | 4.5% | 4,569,261 | | 6.0% | 2,525,379 | | 6.8% | 212,479 |
| Iomlán na nGaeilgeoirí, Fir is Mná | -0.7% | 1,761,420 | | 0.7% | 897,357 | | 2.3% | 85,426 |
| % den daonra atá 3 bliana d' aois agus os a chionn ar Gaeilgeoirí iad | | 38.5% | | | 35.5% | | | 40.2% |
| | | | | | | | | |
| Daoine a labhraíonn an Ghaeilge gach lá taobh istigh den chóras oideachais amháin | 7.0% | 555,754 | | 9.3% | 294,341 | | 12.1% | 30,065 |
| Daoine a labhraíonn an Ghaeilge gach lá taobh istigh den chóras oideachais agus taobh amuigh de | -4.6% | 20,641 | | 4.4% | 9,744 | | 3.3% | 995 |
| Daoine a labhraíonn an Ghaeilge gach lá taobh istigh den chóras oideachais agus go seachtainiúil taobh amuigh de | -11.3% | 6,665 | | -11.9% | 3,365 | | -13.4% | 342 |
| Daoine a labhraíonn an Ghaeilge gach lá taobh istigh den chóras oideachais agus go hócáidiúil taobh amuigh de | -19.9% | 4,626 | | -18.6% | 2,414 | | -18.4% | 235 |
| Daoine a labhraíonn an Ghaeilge gach lá taobh istigh den chóras oideachais ach nach labhraíonn riamh í taobh amuigh de | -19.9% | 2,854 | | -15.1% | 1,580 | | -14.4% | 137 |
| Daoine a labhraíonn an Ghaeilge gach lá taobh amuigh den chóras oideachais | -4.3% | 53,162 | | 0.9% | 20,221 | | -6.7% | 1,759 |
| Daoine a labhraíonn an Ghaeilge gach seachtain taobh amuigh den chóras oideachais | 1.6% | 104,808 | | 5.6% | 51,513 | | 9.1% | 4,951 |
| Daoine a labhraíonn an Ghaeilge anois is arís taobh amuigh den chóras oideachais | -4.2% | 581,909 | | -3.5% | 289,437 | | -2.9% | 26,783 |
| Daoine nach labhraíonn an Ghaeilge riamh taobh amuigh den chóras oideachais | -3.9% | 418,420 | | -3.9% | 218,277 | | -3.0% | 19,679 |
| Gan freagra | -18.4% | 12,581 | | -15.4% | 6,465 | | -23.3% | 480 |
| | | | | | | | | |
| Cainteoirí laethúla Gaeilge taobh amuigh den chóras Oideachais | -4.4% | 73,803 | | 2.0% | 29,965 | | -3.3% | 2,754 |
| % den daonra ar Chainteoirí Laethúla iad agus atá os cionn 3 bliana d' aois | | 1.6% | | | 1.2% | | | 1.3% |
| | | | | | | | | |
| Cainteoirí seachtainiúla Gaeilge taobh amuigh den chóras Oideachais | 0.8% | 111,473 | | 4.3% | 54,878 | | 7.3% | 5,293 |
| % den daonra ar Chainteoirí Laethúla & Seachtainiúla iad agus atá os cionn 3 bliana d' aois | | 2.4% | | | 2.2% | | | 2.5% |
| | | | | | | | | |
| Cainteoirí laethúla & seachtainiúla taobh amuigh den chóras Oideachais | -1.4% | 185,276 | | 3.5% | 84,843 | | 3.4% | 8,047 |
| % de chainteoirí laethúla agus seachtainiúla os cionn 3 bliana d' aois mar % den | | 4.1% | | | 3.4% | | | 3.8% |

## AGUISÍN 6C – DAONÁIREAMH 2016 CEANTAIR BARDASACHA

| | % de Mhéadú/ Laghdú ó Dhaonáireamh 2011 (coigeartaithe de réir athruithe sna ceantair) | Ceantar Bardasach Nás na Ríogh | % de Mhéadú/ Laghdú ó Dhaonáireamh 2011 (coigeartaithe de réir athruithe sna ceantair) | Ceantar Bardasach an Droichid Nua/Cill Dara | % de Mhéadú/ Laghdú ó Dhaonáireamh 2011 (coigeartaithe de réir athruithe sna ceantair) | Ceantar Bardasach Léim an Bhradáin/Cill Droichid | % de Mhéadú/ Laghdú ó Dhaonáireamh 2011 (coigeartaithe de réir athruithe sna ceantair) | Ceantar Bardasach Mhaigh Nuad | % de Mhéadú/ Laghdú ó Dhaonáireamh 2011 (coigeartaithe de réir athruithe sna ceantair) | Ceantar Bardasach Áth Í |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Iomlán, Fir is Mná | -2.7% | 49278 | 14.4% | 52718 | 2.3% | 37486 | 9.9% | 50842 | 4.9% | 32180 |
| Iomlán, Fir is Mná, 3 bliana d’ aois agus os a chionn | -1.6% | 47132 | 16.0% | 50344 | 3.3% | 35892 | 10.6% | 48386 | 5.8% | 30725 |
| Gach Gaeilgeoir, Fir is Mná | -3.9% | 19814 | 10.4% | 18457 | -3.1% | 14992 | 6.9% | 20792 | 0.8% | 11371 |
| Gaeilgeoirí mar % den daonra 3 bliana agus os a chionn | | 42.0% | | 36.7% | | 41.8% | | 43.0% | | 37.0% |
| | | | | | | | | | | |
| A labhraíonn an Ghaeilge gach lá taobh istigh den chóras oideachais amháin | 5.4% | 6997 | 21.3% | 6575 | 8.2% | 5024 | 17.2% | 7247 | 7.5% | 4222 |
| A labhraíonn an Ghaeilge gach lá taobh istigh den chóras oideachais agus taobh amuigh de | 9.4% | 209 | 14.4% | 199 | -7.5% | 197 | 1.9% | 267 | 0.0% | 123 |
| A labhraíonn an Ghaeilge go laethúil taobh istigh agus go seachtainiúil taobh amuigh den chóras oideachais | -8.8% | 73 | -4.6% | 83 | -17.1% | 63 | -4.7% | 82 | -37.9% | 41 |
| A labhraíonn an Ghaeilge go laethúil taobh istigh den chóras oideachais agus go hócáidiúil taobh amuigh de | -16.1% | 52 | -8.1% | 57 | -20.3% | 47 | -10.9% | 57 | -46.3% | 22 |
| A labhraíonn an Ghaeilge go laethúil taobh istigh agus taobh amuigh den chóras oideachais | -20.5% | 31 | -30.8% | 27 | 5.6% | 19 | 21.6% | 45 | -44.4% | 15 |
| A labhraíonn an Ghaeilge go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais | -21.1% | 344 | -0.6% | 358 | -12.2% | 361 | 9.1% | 493 | -10.2% | 203 |
| A labhraíonn an Ghaeilge go seachtainiúil taobh amuigh den chóras oideachais | -1.6% | 1090 | 19.6% | 1054 | -7.6% | 799 | 15.9% | 1319 | 26.0% | 689 |
| A labhraíonn an Ghaeilge go hócáidiúil taobh amuigh den chóras oideachais | -8.7% | 6148 | 4.5% | 5750 | -4.0% | 4996 | 0.2% | 6468 | -7.0% | 3421 |
| Nach labhraíonn an Ghaeilge riamh taobh amuigh den chóras oideachais | -7.7% | 4778 | 4.7% | 4221 | -12.3% | 3407 | 1.4% | 4724 | 0.6% | 2549 |
| Gan a bheith ráite | -36.6% | 92 | -14.2% | 133 | -21.0% | 79 | -21.7% | 90 | -22.5% | 86 |
| | | | | | | | | | | |
| Cainteoirí laethúla taobh amuigh den chóras oideachais | -11.8% | 553 | 4.3% | 557 | -10.6% | 558 | 6.4% | 760 | -6.6% | 326 |
| Cainteoirí laethúla mar % den daonra 3 bliana d’ aois agus os a chionn | | 1.2% | | 1.1% | | 1.6% | | 1.6% | | 1.1% |
| | | | | | | | | | | |
| Cainteoirí seachtainiúla taobh amuigh den chóras oideachais | -2.1% | 1163 | 17.5% | 1137 | -8.4% | 862 | 14.5% | 1401 | 19.1% | 730 |
| Cainteoirí seachtainiúla mar % den daonra 3 bliana d’ aois agus os | | 2.5% | | 2.3% | | 2.4% | | 2.9% | | 2.4% |
| | | | | | | | | | | |
| Cainteoirí Laethúla & Seachtainiúla taobh amuigh den chóras oideachais | -5.5% | 1716 | 12.8% | 1694 | -9.3% | 1420 | 11.5% | 2161 | 9.8% | 1056 |
